



SPÓRT ÉIREANN
SPORT IRELAND

An Straitéis
Ardfheidhmíochta
2021-2032



Croílár ag gach a
ndéanaimid is ea ár
lúthchleasaithe
agus na daoine a
thacaíonn leo.

Clár Ábhar

Brollaigh	4
Réamhrá	9
Tionchar phaindéim Covid-19	10
An Spórt Ardfheidhmíochta in Éirinn – An tAm le Mórathrú a Dhéanamh	10
Infheistíocht Ardfheidhmíochta agus Torthaí Feidhmíochta san Am atá Thart	11
An Cur Chuige san Am i Láthair agus san Am atá le Teacht i leith Infheistíocht Ardfheidhmíochta	14
Forbairt na Straitéise Ardfheidhmíochta	15
An Grúpa Oibre Straitéiseach um Ardfheidhmíocht	16
Próiseas Forbartha na Straitéise	17
Na Príomhfhionnachtana ón bPróiseas Comhairliúcháin	18
An Straitéis Ardfheidhmíochta 2021–2032	21
Ár bhFís, Ár nDearcadh, Ár Straitéis	22
Ár Luachanna	23
Prionsabail ár nUaillmhéine	23
Ár Spriocanna	24
Ár 7 gColún Straitéiseacha	2
Cur Chun Feidhme na Straitéise	44
An Cur Chuige um Chur Chun Feidhme	45
Aguisíní	49
Aguisín 1: An tAthbhreithniú ó Chomhairle Spóirt na hÉireann ar an Straitéis Ardfheidhmíochta	50

Brollach

Náisiún bródúil spóirt a bhfuil go leor ratha idirnáisiúnta bainte amach aige is ea Éire. Mar náisiún, is ar éachtaí na hÉireann ar an ardán domhanda spóirt atá an-chuid dár gcuimhní is gile. Bhí na héachtaí sin ar bhain ár lúthchleasaithe ardfheidhmíochta iad amach ina gcúis le ceiliúradh agus le hinspioráid araon do phobal na hÉireann, agus beidh an scéal sin amhlaidh sa todhchaí.

Tá sé de chumas ag an spórt daoine ó gach cúlra a aontú agus is go mór a spreagtar an tír nuair a bhaineann ár gcuid lúthchleasaithe agus foirne rath amach. Anuas air sin, tá feidhmíocht na lúthchleasaithe agus na bhfoirne sin ina spreagadh ollmhór do na glúnta atá le teacht. De réir mar a thagann Éire amach as an bpaindéim seo, teastaíonn na cáilíochtaí sin níos mó anois ná am ar bith riamh.

Is é sin an fáth a bhfuil an Rialtas tiomanta do thacú le lúthchleasaithe Éireannacha feidhmiú ar an ardán idirnáisiúnta. Is incháilithe le haghaidh tacaíochta a bheidh daoine spóirt cumasacha a bhfuil cumas acu dul in iomaíocht ar ardchaighdeán. Áirítear leo sin daoine aonair agus foirne ó na spóirt níos lú agus níos anaithnidíúla a bhfuil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta i gceannas orthu. Tá an Beartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027, rud lena múnlaítear treo an spóirt in Éirinn sna deich mbliana atá romhainn, mar bhonn agus thaca ag an tiomantas sin.

Cuireadh de chúram ar Spórt Éireann le Gníomh 24 den Bheartas Náisiúnta Spóirt Straitéis Ardfheidhmíochta fhadtéarmach nua a fhorbairt d'Éirinn. Is straitéis uaillmhianach í an Straitéis Ardfheidhmíochta nua seo agus léirítear inti go gcreidimid go láidir gur féidir le lúthchleasaithe Éireannacha dul in iomaíocht go rathúil leis na lúthchleasaithe is fearr ar domhan agus boinn a bhuachan ag na Cluichí Oilimpeacha, ag na Cluichí Parailimpeacha agus i lear comórtas idirnáisiúnta eile ar bhonn seasta.

Chun go mbainfidh Éire a huailmhian agus barr a cumais amach, bainfidh ríthábhacht le cur chuige comhoibriúch a ghlacadh ar fud na hearnála. Caithfidh an Rialtas agus comhlachtaí eile infheistíocht mhór mharthanach a dhéanamh inár lúthchleasaithe agus inár gcóras ardfheidhmíochta chun an méid sin a chur ar aghaidh.



Tríd an mBeartas Náisiúnta Spóirt, tá gealltanas tugtha ag an Rialtas go méadóidh sé faoi dhó an cistiú bliantúil a thugann sé don spórt, ó €112 mhilliún sa bhliain 2018 go €220 milliún sa bhliain 2027. Áireofar leis sin aistriú i dtreo cur chuige ilbhliantúil chun tuilleadh cinnteachta agus cobhsaíochta a sholáthar don chóras sa tréimhse roimh na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha.

Is ar chur chuige córasach straitéiseach a bunaíodh an rath atá bainte amach le déanaí ag lúthchleasaithe Éireannacha agus ag foirne Éireannacha. Mar thoradh ar an bplean straitéiseach sármhaith seo a fhorbairt, cuirtear an cur chuige sin chun cinn tuilleadh agus cuirtear leis na próisis láidre atá i bhfeidhm cheana féin.

Léiriú mór intinne is ea Campas Spórt Éireann atá beoga agus bisiúil a fhorbairt, ag fónamh dó mar shaoráid fíorshaoil agus mar chomhartha ar an tiomantas atá ann do shaoráidí den chéad scoth a sholáthar dár lúthchleasaithe anseo in Éirinn. Is é an toradh a bheidh ar na pleananna atá á gcur i bhfeidhm chun cur go mór le bonneagar an Champais ná go mbeidh sé ina cheann scríbe spóirt a mbeidh éileamh agus clú domhanda air agus a mbeidh bród orainn uile as agus údar againn.

Ba cheart fáilte a chur roimh an tábhacht a leagtar fud fad na straitéise ar dhearálachas laistigh de phróisis chinnteoireachta na gclár ardfheidhmíochta; is as dearálachas a thagann dea-thorthaí. Tá Spórt Éireann ag gníomhú le tamall mar cheannaire sa spás sin agus leanann sé le hacmhainn an chórais ardfheidhmíochta a mhéadú ina leith sin.

Ba mhaith liom iad sin uile a rannchuidigh leis an straitéis seo a ullmhú a mholadh, go háirithe na comhaltaí den Ghrúpa Oibre um Ardfheidhmíocht, Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, Coimisiún na Lúthchleasaithe, agus ionadaithe don Roinn Turasóireachta, Cultúir, Ealaíon, Gaeltachta, Spóirt agus Meán.



Jack Chambers TD,
Aire Stáit don Ghaeltacht agus don Spórt

Brollach

Tá an-dul chun cinn déanta ag an spórt ardfheidhmíochta in Éirinn le blianta beaga anuas, rud atá le feiceáil sna háiteanna ar an bpóidiam agus i measc an deichniúir is fearr agus i measc na ndeich bhfoireann is fearr atá á mbaint amach go seasta ag lúthchleasaithe Éireannacha agus ag foirne Éireannacha ar an ardán idirnáisiúnta. Léiríonn freagairt an phobail don rath sin gur mian go mór leis go leanfaí le dul chun cinn a dhéanamh ar chóras ardfheidhmíochta na hÉireann.

Tá forbairt leanúnach Champas Spóirt Éireann, atá ag treisiú a stádais mar eipealár don spórt ardfheidhmíochta in Éirinn, mar bhonn agus thaca ag an dul chun cinn atá á dhéanamh ar an gcóras ardfheidhmíochta.

Tá tionchar inbhraite ar ullmhú ár lúthchleasaithe ag leathnú Institiúid Spórt Éireann ó thaobh bonneagair de agus ag an bhfeabhas a cuireadh ar na seirbhísí agus na tacaí gairmiúla atá ar tairiscint.

Tá an-chuid oibre déanta ag na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta don Spórt ar dhul chun cinn a dhéanamh ar a gcláir féin trí phearsanra den chéad scoth a earcú agus a choinneáil agus trí phróisis láidre a chur chun feidhme chun tacú lena lúthchleasaithe.

Ós rud é go bhfuil comhaontú comhpháirtíochta i bhfeidhm ag Spórt Éireann le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus le Cumann Parailimpeach na hÉireann araon anois, beidh ár lúthchleasaithe níos ullmhaithe ná a bhí siad riamh agus iad ag druidim i dtreo na gCluichí Oilimpeacha agus na gCluichí Parailimpeacha i dTóiceo agus i bPáras.

Is tráthúil anois go bhféachann Éire ar aghaidh ar an todhchaí agus go leagann sí treoirphlean amach lena ndéanfar feabhsuithe inbhuanaithe ar an gcóras agus ar ár spóirt ardfheidhmíochta.

Ag tógáil dó ar na moltaí láidre a rinneadh in Athbhreithniú Rio, agus ar athbhreithnithe ceithre bliana roimhe lenar tugadh treo straitéiseach, cuireadh de chúram ar Spórt Éireann leis an mBeartas Náisiúnta Spóirt 2018-2027 ón Rialtas straitéis fhadtéarmach nua a fhorbairt le haghaidh an spóirt ardfheidhmíochta, agus í bunaithe ar pharaiméadair shonracha. Mar thoradh ar an ngealltanais a thug an Rialtas do chistiú marthanach méadaithe a chur ar fáil ar straitéis uailmhianach a sholáthar, tugadh spreagadh eile d'fhorbairt na straitéise.

Tugann Bord Spórt Éireann aitheantas do thiomantas leantach an Rialtais don Ardfheidhmíocht agus is mór aige an tiomantas sin. Fáiltíonn Spórt Éireann roimh an deis comhoibriú leis an nGrúpa Ceannaireachta Spóirt a bunaíodh le déanaí agus le príomh-gheallsealbhóirí eile ar mhaithe le straitéis a fhorbairt lena gcuirfear córas Ardfheidhmíochta na hÉireann ar aghaidh.

Is uailmhianach atá an fhís nua agus an treo straitéiseach nua sin le haghaidh an spóirt ardfheidhmíochta in Éirinn, agus leagtar tuilleadh béime iontu ar chabhair a thabhairt do lúthchleasaithe rath idirnáisiúnta a bhaint amach.

Tá Spórt Éireann ag súil le leanúint ar aghaidh ag obair leis na geallsealbhóirí uile ar fud an phobail ardfheidhmíochta, le linn dó an straitéis a chur chun feidhme go hiomlán agus tacaíocht a thabhairt do ghlúnta lúthchleasaithe cumasacha sa todhchaí.



Kieran Mulvey
Cathaoirleach, Spórt Éireann



John Treacy
Príomhfheidhmeannach, Spórt Éireann

Brollach

Ba cheart d'Éirinn bheith bródúil as éachtaí lúthchleasaithe Éireannacha le blianta beaga anuas i raon leathan spóirt. Mar an gcéanna, ba cheart dúinn bheith bródúil as an dul chun cinn atá déanta ar an gcóras ardfheidhmíochta chun a chinntiú go mbeadh na struchtúir chearta agus na daoine cearta ann chun go mbainfí an rath sin amach.

Cé gur baineadh an-dul chun cinn amach go dtí seo, fágann cineál iomaíoch an spóirt idirnáisiúnta go bhfuil sé rithábachtach go leanfadh córas ardfheidhmíochta na hÉireann ar aghaidh ag cur dúshlán air féin.

Bhí tréimhse láidir chuimsitheach comhairliúcháin agus taighde mar bhonn agus thaca ag forbairt na straitéise seo. Rinneadh measúnú criticiúil sa phróiseas ar conas atáimid ag obair lenár spóirt agus lenár lúthchleasaithe chun feabhsuithe féideartha ar an gcóras a shainiú.

Bhí roinnt ardán sonracha i gceist leis an bpróiseas. Áiríodh leo ionchur a fháil ó lúthchleasaithe agus pearsanra ar fud réimsí éagsúla saineolais, tagarmharcáil a dhéanamh in aghaidh comparadóirí idirnáisiúnta, agus formhaoirseacht láidir ó Ghrúpa Oibre um Ardfheidhmíocht a rinne ionadaíocht do phríomh-gheallsealbhoirí sa chóras.

Socraítear sa straitéis spriocanna atá dúshlánach agus indéanta araon agus mionsonraítear inti gníomhartha soiléire ar fud seacht réimse straitéiseacha a bhfuilim cinnte de go mbeidh dea-thionchar acu ar ár spóirt agus ar ár lúthchleasaithe a luaithe atá siad curtha chun feidhme.

Tá Coiste Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann lántiomanta d'fhormhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise seo agus don dul chun cinn a athbhreithniú ar bhonn sceidealaithe.

Ba mhaith liom aitheantas a thabhairt do na lúthchleasaithe agus na daoine aonair ar fud an chórais ardfheidhmíochta a thairg a saineolas agus an straitéis seo á forbairt. Ba chuiditheach, léirsteanach agus dúshlánach a bhí an t-aiseolas a bailíodh.

Thar ceann an Ghrúpa Oibre um Ardfheidhmíocht, ba mhaith liom buíochas a ghabháil le gach duine a rannchuidigh le forbairt na straitéise seo agus a rinne a gcion féin i dtodhchaí an spóirt ardfheidhmíochta in Éirinn a mhúnlú.



Liam Sheedy

Comhalta de Bhord Spóirt Éireann agus Cathaoirleach
ar Choiste Ardfheidhmíochta Spóirt Éireann





Réamhrá

Tionchar phaindéim Covid-19

Agus an Straitéis Ardfheidhmíochta á seoladh againn, ní mór dúinn ár machnamh a dhéanamh ar an staid a d'éascair as paindéim dhomhanda Covid-19, rud a rinne difear do gach gné den tsochaí, lena n-áirítear an spórt ardfheidhmíochta.

Ní raibh aon chomórtais idirnáisiúnta ar siúl ar feadh tréimhse fhadaíthe sa bhliain 2020; agus cuireadh na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha i dTóiceo siar go dtí an bhliain 2021.

Thaispeáin an córas ardfheidhmíochta a athléimneacht agus a inoiriúnaitheacht chun na dúshláin a d'éascair as paindéim COVID-19 a sháru. Bhí comhoibriú ag na geallsealbhóirí uile ina chuid thábhachtach dár mbealach a dhéanamh tríd an tréimhse géarchéime sin.

Ag gníomhú dúinn mar chóras ardfheidhmíochta d'Éirinn, beimid níos láidre agus réidh leis na dúshláin atá romhainn ar theacht amach as an bpaindéim dúinn.

Tá bród orainn an plean fadtéarmach seo le haghaidh chóras ardfheidhmíochta na hÉireann a sholáthar agus táimid ag súil lena chur chun feidhme sna trí thimthriall Oilimpeacha agus Parailimpeacha atá le teacht.

An Spórt Ardfheidhmíochta in Éirinn – An tAm le Mórathrú a Dhéanamh

Náisiún bródúil spóirt is ea Éire. Is aoibhinn linn rath ár lúthchleasaithe. Ceiliúraimid buanna ar an ardán idirnáisiúnta. Tá sé mar aidhm againn a bheith inár náisiún rathúil spóirt. Ba mhaith linn níos mó lúthchleasaithe Éireannacha a fheiceáil ar phóidiamai. Ba mhaith linn dul in iomaíocht leis na lúthchleasaithe is fearr ar domhan agus rath a bhaint amach.

Leanann an córas ardfheidhmíochta in Éirinn ar aghaidh ag éabhlóidiú agus ag teacht in aibíocht. Rinneadh an-dul chun cinn le blianta beaga anuas. Leanann lorg coise Champas Spórt Éireann ar aghaidh ag fás de réir mar a chuirtear saoráidí nua agus spóirt nua leis an gcampas. Soláthraítear lear seirbhísí tacaíochta feidhmíochta do lúthchleasaithe, do stiúrthóirí feidhmíochta agus do chóitsealaithe ar fud cláir éagsúla. Is ann do leibhéal méadaithe gairmiúlachta ar fud an spóirt ardfheidhmíochta agus do thuiscint níos fearr ar na samhlacha scothchleachtais do chomhlachtaí rialaithe náisiúnta. Bíonn feabhas ag teacht ar thorthaí ar leibhéal sinsearach agus ar leibhéal sóisearach, áit a mbíonn punann mhéadaithe lúthchleasaithe ag feidhmiú ar leibhéal a fhágann gur féidir leo rath a bhaint amach ina spóirt faoi seach.

Tá feabhas as cuimse tagtha ar ailíniú na bpríomh-geallsealbhóirí – mar atá Spórt Éireann, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann agus Spórt Thuaisceart Éireann – agus ar an gcomhoibriú atá ar bun eatarthu. Thug an Rialtas gealltanais go méadódh sé an cistiú don spórt ardfheidhmíochta chun Éire a chur ar aon chéim le náisiúin iomaíocha agus go méadódh sé faoi thrí

an infheistíocht bhliantúil a dhéanfar sna deich mbliana atá romhainn. Táthar ag smaoineamh ar chlár thiomnaithe chistiúcháin caipitil spóirt a thabhairt isteach don spórt ardfheidhmíochta chun infheistíocht leantach a sholáthar i saoráidí agus trealamh ar fud an chórais ardfheidhmíochta.

Tá sé mar aidhm leis an Straitéis Ardfheidhmíochta seo daoine cumasacha a chur ar áireamh inti, agus acmhainní á ndíriú ar na daoine a bhfuil an cumas is mó acu rath a bhaint amach. Is incháilithe le haghaidh tacaíochta a bheidh aon duine spóirt laistigh de spórt Oilimpeach nó Parailimpeach a bhfuil cumas aige nó aici dul in iomaíocht ar leibhéal domhanda. Tugann Spórt Éireann tacaíocht do dhaoine spóirt i gcláir bheaga nó i gcláir atá saincheaptha don duine aonair, agus beidh sé sin mar bheartas againn fós. Táimid oscailte agus tiomanta fós do thacaíocht a thabhairt do dhaoine cumasacha agus aithnímid gur ó roinnt de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta is lú aitheantas a tháinig roinnt de na daoine spóirt is rathúla a chuaigh in iomaíocht d'Éirinn.

Is é sin an cúlra atá taobh thiar de ré nua sa spórt ardfheidhmíochta in Éirinn. Leagtar amach sa straitéis seo fíis chomhroinnte arb ionann í agus mórathrú sa chur chuige a ghlacaimid i leith an spóirt ardfheidhmíochta a phleanáil. Mar thoradh ar thabhairt faoi phróiseas fairsing comhairliúcháin le geallsealbhóirí ar fud an chórais, shainaithin Spórt Éireann sraith gníomhartha lena gcaibhrófar le hÉirinn spriocanna uailmhianacha a bhaint amach sna deich mbliana atá romhainn.

Infheistíocht Ardfheidhmíochta agus Torthaí Feidhmíochta san Am atá Thart

Seoltar an cistiú ó Spórt Éireann do spóirt ardfheidhmíochta trí infheistíocht i gcláir ardfheidhmíochta, tríd an Scéim Cardála Idirnáisiúnta agus trí sheirbhísí tacaíochta Institiúid Spórt Éireann. Chomh maith leis sin, soláthraíonn Spórt Éireann cistiú ardfheidhmíochta do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus do Chumann Parailimpeach na hÉireann chun tacú leis an obair atá i gceist le foirne Éireannacha a ullmhú do na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha.


Eagraíochtaí spóirt a bhfuil infheistíocht ardfheidhmíochta á fáil acu faoi láthair

Lúthchleasaíocht Éireann	Gleacaíocht Éireann
Cumann Seoltóireachta na hÉireann	Peantatlan Éireann
Cumann Dornálaíochta Lúthchleasa na hÉireann	Cumann Júdó na hÉireann
Cumann Snámha na hÉireann	Cruicéad Éireann
Haca Éireann	Canúail Éireann
Cumann Parailimpeach na hÉireann	Trí-atlan Éireann
Eachspórt Éireann	Leadóg Éireann
Cumann Rugbaí na hÉireann	Badmantan Éireann
An Chónaidhm Gailf in Éirinn	Cumann Taekwondo na hÉireann
Rothaíocht Éireann	Cumann Lámhaigh Créthargaidí na hÉireann
Rámhaíocht Éireann	

Ar an iomlán, is cobhsaí, tríd is tríd, atá an infheistíocht ardfheidhmíochta iomlán laistigh den chóras ó bhí an bhliain 2007 ann (féach Fíor 1). Mar thoradh ar an infheistíocht sin agus ar an obair atá ar bun laistigh de na spóirt ardfheidhmíochta, tháinig méadú seasta i ngach timthriall ceithre bliana ar an líon bonn a bhuaigh lúthchleasaithe Éireannacha ar leibhéal sóisearach agus sinsearach i gcomórtais Eorpacha, Dhomhanda, Oilimpeacha agus Pharailimpeacha (féach Fíor 2 agus Fíor 3).


Cé gurb ionann é sin agus toradh measartha láidir ar infheistíocht, is é an dúshlán atá ar an gcóras anois ná feidhmíocht fheabhsaithe agus rath inbhuanaithe a bhaint amach ag na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha, le linn dó an líon reatha bonn atá á mbuachan i sárchomórtais ar leibhéal Eorpach agus Domhanda ar an mbealach chun na Cluichí a chothabháil.

Infheistíocht Ardheidhmíochta Spórt Éireann 2005–2020



Fíor 1. Infheistíocht iomlán Spórt Éireann sa spórt ardheidhmíochta 2005–2020


An Líon Bonn Ardfheidhmíochta a Bhuaigh Éire 2005–2019



Fíor 2. An líon bonn ardfheidhmíochta a buadh 2005–2019 – miondealú ar bhoinn shinsearacha agus ar bhoinn shóisearacha/óige

An Líon Bonn Ardfheidhmíochta a Buadh 2000–2019

An líon iomlán bonn ag comórtais ar leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach



Fíor 3. An líon iomlán bonn ardfheidhmíochta a buadh 2000–2019

An Cur Chuige san Am i Láthair agus san Am atá le Teacht i leith Infheistíocht Ardfheidhmíochta

Is náisiún beag í Éire i gcomparáid le han-chuid dár n-iomaitheoirí. Ní mór do Spórt Éireann a chinntiú go bhfaighimid an luach is mó is féidir as ár n-infheistíocht i gcláir ardfheidhmíochta. Chun déanamh amhlaidh, teastaíonn cur chuige dírithe ina ndéantar cinntí infheistíochta ar bhonn na dtorthaí dóchúla.

Tá Spórt Éireann ag tacú le 21 spórt faoi láthair agus glactar go ginearálta leis gur cheart tuilleadh beartaithe tosaíochta agus tuilleadh dírithe a bheith ann. I láthair na huaire, tugtar 80% den chistiú do na 10 spórt is mó cistiú. De réir mar a rinne spóirt athruithe ar a gcláir ardfheidhmíochta, chuir Spórt Éireann leis an tuiscint atá aige ar na riachtanais dhifriúla infheistíochta atá ann ar fud na spórt. Mar shampla, tá ag roinnt spórt féilirí comórtais idirnáisiúnta ar leibhéal sinsearach atá níos déine ná iad sin atá ag spóirt eile, agus tabhaíonn siad costais taistil níos airde dá bharr. Is é is dóichí go dteastóidh níos mó seirbhísí tacaíochta feidhmíochta agus níos mó infheistíochta i gcláir ó spóirt a bhfuil líon níos airde lúthchleasaithe ardfheidhmíochta acu. Tá éagsúlacht ann sa chóimheas cóitsealaithe is lúthchleasaithe sna spóirt dhifriúla, rud a dhéanann difear don leibhéal infheistíochta i bpearsanra. Is gnách go mbíonn spóirt fhoireannbhunaithe níos costasaí ná spóirt lúthchleasaí aonair. Teastaíonn ó roinnt spórt infheistíocht chaipitil a fháil ar bhonn níos tráthrialta ná spóirt eile chun trealamh a uasghrádú nó chun saoráidí a fhorbairt ar an gcampas. Leis an ngealltanas do chistiú sa todhchaí a mhéadú, cuirfear ar chumas Spórt Éireann agus na spórt tosaíochta infheistiú go sonrach sna réimsí is tábhachtaí do riachtanais an spóirt ar leith chun go mbeidh siad in ann torthaí spriocdhírithe a sholáthar.

Trí thacar comhaontaithe prionsabal a bheith ann, tacófar leis an bpróiseas cinnteoireachta chun ár spóirt tosaíochta a shainaithint, soláthrófar bunús le haghaidh tacaíocht a thabhairt do lúthchleasaithe a bhfuil cumas acu boinn a bhuachan lasmuigh de na spóirt tosaíochta agus leagfar treo soiléir amach trína mbeidh gach spórt in ann a stádas a ardú. Trí thógáil ar an mbunsraith dhlúth a leagadh go dtí seo agus trí níos mó infheistíochta a dhéanamh i spóirt tosaíochta, beidh Éire in ann córas spóirt ardfheidhmíochta a fhorbairt a mbeidh cumas aige rath seasta, fadtéarmach agus in-athdhéanta a sholáthar ar an ardán idirnáisiúnta.

Leis an ngealltanas do chistiú sa todhchaí a mhéadú, cuirfear ar chumas Spórt Éireann agus na spórt tosaíochta infheistiú go sonrach sna réimsí is tábhachtaí do riachtanais an spóirt ar leith chun go mbeidh siad in ann torthaí spriocdhírithe a sholáthar.





Forbairt na Straitéise Ardfheidhmíochta

An Grúpa Oibre Straitéiseach um Ardfheidhmíocht

Ba é Grúpa Oibre Straitéiseach um Ardfheidhmíocht (an “Grúpa Oibre”) a rinne formhaoirseacht ar fhorbairt na straitéise. Bhí an Grúpa Oibre faoi chathaoirleacht ag Liam Sheedy (comhalta de Bhord Spórt Éireann) agus chuimsigh sé ionadaithe ón Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, ó Spórt Éireann, ó Spórt Thuaisceart Éireann, ón earnáil Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, ó Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann, ó Chumann Parailimpeach na hÉireann agus ó Choimisiún Lúthchleasaithe Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann.

Téarmaí tagartha an Ghrúpa Oibre


Rannchuideoidh an Grúpa Oibre sna réimsí seo a leanas chun a ról agus a fhreagrachtaí a chur i gcrích go rathúil:

- Teach le chéile mar ghrúpa ar thrí ócáid ar a laghad chun inneachar beartaithe na straitéise a athbhreithniú agus a phlé, chun comhairle a thabhairt i leith an inneachair bheartaithe agus, ar deireadh, chun an t-inneachar beartaithe a cheadú
- I seisiún eagraithe ghrúpa, ionchur a sholáthar maidir le dearadh an phróisis comhairliúcháin le geallsealbhoirí
- I seisiún eagraithe agus i gcruinnithe aonair, anailís chriticiúil a dhéanamh ar inneachar na straitéise agus comhairle a thabhairt ina leith
- Dréacht den straitéis nua ardfheidhmíochta a cheadú, rud a ullmhófar lena athbhreithniú ag Coiste Ardfheidhmíochta Spórt Éireann agus ag Bord Spórt Éireann



Próiseas Forbartha na Straitéise

Tá sé tábhachtach forbairt a dhéanamh ar chóras ardfheidhmíochta a n-éiríonn leis i gcomhthéacs na hÉireann agus a ailíníonn lenár n-imthosca sonracha. Chun a chinntiú go mbaileofaí eolas comhaimseartha ar chóras na hÉireann agus ar an spórt idirnáisiúnta ardfheidhmíochta, ceapadh saineolaithe neamhspleácha, mar atá Brian MacNeice (Kotinos Partners) agus Maeve Buckley (Leading Sport) chun tacú leis an tionscadal agus chun próiseas comhairliúcháin a threorú i gcomhar leis na príomh-gheallsealbhóirí ar fud an chórais.



Na Príomhfhionnachtana ón bPróiseas Comhairliúcháin

Sainaitníodh sa phróiseas comhairliúcháin réimsí straitéiseacha tábhachtacha inar féidir le hinfheistíocht dhírithe mórathrú a dhéanamh ar an spórt ar fud chóras na hÉireann. Tharraing na príomh-gheallsealbhóirí aird ar na réimsí seo a leanas go háirithe (níl siad in ord tábhachta):

- Cóitseáil
- Díriú lúthchleasaí-láraithe
- Seirbhísí tacaíochta feidhmíochta
- Struchtúir rialachais agus próisis chinnteoireachta
- An dóigh a maoinítear an spórt ardfheidhmíochta
- An ról atá ag institiúidí ardoideachais laistigh den chóras
- An blaiseadh de chomórtais/imeachtaí ardcháilíochta
- An nuálaíocht sa spórt
- Saoráidí agus trealamh ardfheidhmíochta
- Comhpháirtíochtaí éifeachtacha laistigh den chóras





Cóitseáil

Braitheann córais ardfheidhmíochta go mór ar chórais agus struchtúir chóitseála ar ardchaighdeán chun inbhuanaitheacht agus rath in-athdhéanta a chinntiú. Tá an-dul chun cinn déanta ag cuid mhór de na príomhnáisiúin i réimse an spóirt ar chultúr cóitseála gairmiúla a chruthú laistigh dá gcórais. Tá Éire gan ar chóitseálaithe gairmiúla lánaimseartha ar féidir leo lúthchleasaithe ardfheidhmíochta a thraenáil agus a fhorbairt. Is mór-réimse deise é sin. Má thapaíonn Éire an deis sin, beimid in ann barr ár gcumais a bhaint amach mar náisiún ardfheidhmíochta.

Díriú lúthchleasaí-láraithe

Cinntoidh Spórt Éireann go n-oibreoidh an córas spóirt ardfheidhmíochta de réir tacar soiléir luachanna lena dtugtar tús áite do leas lúthchleasaithe. Ní mór do chóras ardfheidhmíochta na hÉireann béim a chur ar thacaíocht chuimsitheach a thabhairt do lúthchleasaithe agus a chinntiú go mbeidh a n-eispéireas ar an gcóras fós dearfach tar éis a saoil sa spórt. Áireofar leis sin tacaíocht a thabhairt maidir leis na nithe seo a leanas: oideachas; roghanna déghairme; an trasdul ó leibhéal sóisearach go leibhéal sinsearach; scéimeanna cardála; scoláireachtaí; pleanáil scoir; bainistíocht caidrimh le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta; agus réimsí ábhartha eile. I mbeagán focal, ba cheart dár lúthchleasaithe eispéireas dearfach a fháil ar chóras a thugann tacaíocht iomlánaíoch dóibh, bunaithe ar a riachtanais le linn a ngairme sa spórt agus ina diaidh araon.

Seirbhísí tacaíochta feidhmíochta

Chruthaigh Institiúid Spórt Éireann agus Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann bonn cuimsitheach le haghaidh seirbhísí tacaíochta feidhmíochta a sholáthar do lúthchleasaithe. Baineann ríthábhacht le seirbhísí tacaíochta feidhmíochta a sholáthraíonn foireann chomhtháite ildisciplíneach ghairmiúil iad maidir le lúthchleasaithe agus cóitseálaithe a chumasú barr a gcumais a bhaint amach.

Tógann sé tamall ar sholáthraithe tacaíochta feidhmíochta iad féin a leabú i spóirt, caidreamh a fhorbairt le lúthchleasaithe, le cóitseálaithe agus le stiúrthóirí feidhmíochta, agus an tionchar is mó is féidir a imirt ar an bhfeidhmíocht. San am i láthair, níl go leor acmhainne ag ár soláthraithe feidhmíochta chun díriú go mion ar spóirt tosaíochta. Trí infheistíocht níos dírithe a dhéanamh, is féidir acmhainn a mhéadú ionas gur féidir leibhéal níos doimhne tacaíochta a sholáthar i spóirt tosaíochta.

Struchtúir rialachais agus próisis chinnteoireachta

Is gá dúinn struchtúir shármhaithe a chruthú chun a chinntiú go léirítear i bpróisis formhaoirseachta agus chinnteoireachta an scothchleachtas ar fud ár spórt ardfheidhmíochta, go háirithe chun gur féidir spóirt a mheas a bheith ina gcláir tosaíochta. Ba cheart do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta soiléire iomlán a bheith acu ar an dóigh a sainmhínítear an ardfheidhmíocht agus ar an difríocht idir í agus an clár oibre forbartha/rannpháirtíochta laistigh dá spóirt. Is doshannta sa spórt ardfheidhmíochta atá an dea-rialachas.

An dóigh a maoinítear an spórt ardfheidhmíochta

Ní mór bunsamhail ghnó atá fóna agus inbhuanaithe a bheith ann do gach clár spóirt ardfheidhmíochta. Ba cheart an chothromaíocht is fearr is féidir idir cistiú stáit agus cistiú féinghinte a bhaint amach i ngach spórt. Go dtí seo, tá spóirt ag brath go mór ar an sparán poiblí don chistiú ardfheidhmíochta. Tá an rialtas tiomanta don infheistíocht sa spórt ardfheidhmíochta a mhéadú go mór. Is gá an infheistíocht sin a mheaitseáil, áfach, le gealltanas ó gach spórt a chistí féin a fhéinghiniúint agus iad a infheistiú ansin ina chlár ardfheidhmíochta. Ní inbhuanaithe atá an struchtúr reatha cistiúcháin i roinnt dár bpríomhspóirt. Ina theannta sin, is gá breithniú ar leith a dhéanamh ar an gcistiú a sholáthraítear d'fhoirne (cistiú poiblí agus cistiú féinghinte de chuid Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta) toisc go mbíonn éilimh dhifriúla chistiúcháin ann i spóirt fhoireannbhunaithe agus go mbíonn sé níos dúshlánaí fós freastal ar na héilimh sin.

An ról atá ag institiúidí ardoideachais laistigh den chóras

Is ag institiúidí ardoideachais ar fud na tíre atá saoráidí agus cláir ar féidir leo ról ríthábhachtach a imirt sa spórt ardfheidhmíochta. D'fhéadfadh siad ról tábhachtach a imirt sna réimsí seo a leanas freisin: soláthar seirbhísí; cóitseáil; eolaíocht spóirt agus míochaine spóirt; taighde; agus soláthar réigiúnach clár náisiúnta. San am i láthair, tá comhordú agus treo straitéiseach in easnamh ar an soláthar spóirt ardfheidhmíochta ar fud na hearnála ardoideachais. Más féidir aghaidh a thabhairt ar an méid sin, d'fhéadfadh an earnáil ról lárnach a imirt san éiceachóras ardfheidhmíochta in Éirinn, faoi mar a tharlaíonn ina lán tíortha eile.

An blaiseadh de chomórtais/imeachtaí ardcháilíochta

Is dian a bhíonn comórtais ar an leibhéal is airde. Is gá do lúthchleasaithe agus cóitseálaithe blaiseadh a fháil de na leibhéil is airde chomórtais idirnáisiúnta ag an am ceart ar a gconair feidhmíochta chun cur leis an gcumas atá acu feidhmiú agus bheith ar a gcompord ar na leibhéil sin. Is ionann lúthchleasaithe rathúla agus iad sin ar féidir leo feidhmiú ar an ardán mór nuair a bhíonn duaiseanna le buachan. Ina lán spórt, ní fhaigheann ár lúthchleasaithe blaiseadh de chomórtas idirnáisiúnta ar an leibhéal is airde go minic go leor. Mar sin féin, bítear ag súil leis ansin go mbeidh siad in ann déileáil leis an mbrú in imeachtaí Oilimpeacha, Parailimpeacha, Domhanda nó Eorpacha agus a sáiarraichtaí pearsanta a bhaint amach iontu.

An nuálaíocht sa spórt

Tionscal a bhíonn ag athrú go mear is ea an spórt ardfheidhmíochta, áit a mbíonn náisiúin ag dul i gcónaí sa tóir ar bhealaí nua inar féidir rath a bhaint amach agus a chothú. Mar náisiún beag, is gá dúinn buntáistí iomaíocha a lorg le hionracas cibé áit a mbíonn siad le fáil. Ba cheart dúinn bheith réidh le smaoineamh go nuálach, le gníomhú go nuálach agus le sinn féin a iompar go nuálach. Ceann de na buntáistí atá againn is ea gur náisiún beag beo-intinneach sinn agus go bhfuil rochtain againn ar na cuideachtaí teicneolaíochta agus an saíneolas acadúil is fearr ar domhan.

Fágann sé sin go bhfuil deiseanna againn comhoibriú ar thionscadail agus eolas a fhorbairt ar an dóigh ar féidir lenár spóirt dul ar aghaidh agus rath a bhaint amach. Trí na deiseanna sin a shaothrú agus trí chleachtas laethúil lúthchleasaithe agus cóitseálaithe a réiteach, is féidir le hÉirinn a éirí ina ceannaire domhanda i réimse na nuálaíochta spóirt feidhmíochta.

Saoráidí agus trealamh ardfheidhmíochta

Is féidir le saoráidí scothspóirt buntacú le timpeallacht laethúil traenála a chinntíonn gur féidir le lúthchleasaithe agus le pearsana tacaíochta araon bláthú. Tá dúshláin ann, áfach, maidir leis na saoráidí sin a chothabháil agus a oibriú mar shaoráidí eisiacha ardfheidhmíochta. Sócmhainn thábhachtach d'Éirinn is ea Campas Spórt Éireann. De réir mar a dhéantar athruithe ar an gcampas, ní mór saoráidí breise a sholáthar chun freastal ar na riachtanais athraitheacha atá ag lúthchleasaithe ardfheidhmíochta. D'fhéadfadh saoráidí réigiúnacha ról níos suntasaí a imirt laistigh den chóras freisin. D'fhéadfadh siad déanamh amhlaidh, mar shampla, trí chomhpháirtíochtaí a bhunú le hinstitiúidí ardoideachais chun ionaid bharr feabhais a chruthú. Maidir le trealamh, braitheann roinnt spórt ar threalamh ardfheidhmíochta chun traenáil agus dul in iomaíocht ar an mbealach is fearr is féidir. Is gá infheistiú i riachtanais acmhainne den sórt sin mar chuid den phacáiste foriomlán infheistiúchta don chóras ardfheidhmíochta.

Comhpháirtíochtaí éifeachtacha laistigh den chóras

Is náisiún treibheach í Éire, áit a bhfuil sé de nós againn le blianta fada anuas spóirt a fhorbairt ar bhonn aonair agus saoráidí aon spóirt a thógáil. Tá feabhas suntasach tagtha le blianta beaga anuas ar an gcomhoibriú idir Spórt Éireann, Institiúid Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Institiúid Spóirt Spórt Thuaisceart Éireann, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann. Chun go n-éireoidh le hÉirinn ar an ardán idirnáisiúnta, beidh tuilleadh ailíniú straitéiseach agus tuilleadh comhoibrithe ag teastáil ar fud an chórais. Is féidir linn ár stádas mar náisiún beag a shaothrú mar láidreacht chumhachtach shistéamach.



An Straitéis Ardfheidhmíochta 2021–2032



ÁR bhFÍS

Ibaineann Éire rath póidiam amach go seasta ar an ardán domhanda, agus an náisiún agus na glúnta atá le teacht á spreagadh




ÁR nDEARCADH

Croílár ag gach a ndéanaimid is ea ár lúthchleasaithe agus na daoine a thacaíonn leo



ÁR STRAITÉIS

Is í seo an Straitéis Ardfheidhmíochta ó Spórt Éireann, rud a sholáthrófar i gcomhpháirt leis an mórfhobal ardfheidhmíochta




Baineann na luachanna seo le Spórt Éireann agus leis an mórfhobal ardfeidhmíochta, agus lúthchleasaithe Oilimpeacha agus Parailimpeacha ag an lár.

Prionsabail ár Uaillmhéine

- Léireoidh córas ardfeidhmíochta na hÉireann na luachanna comhaimseartha atá ag ár náisiún agus forbróimid réitigh a fhreastalóidh ar ár riachtanais agus ar ár n-imthosca uathúla.
- Tá an meas céanna againn ar lúthchleasaithe Parailimpeacha agus lúthchleasaithe Oilimpeacha agus ar bhoinn Pharailimpeacha agus ar bhoinn Oilimpeacha.
- Tomhaistear ár n-uaillmhian de réir caighdeáin dhomhanda. Féachaimid le dul in iomaíocht agus le buachan ag sárimeachtaí ar an leibhéal domhanda is airde.
- Glacfaimid cur chuige atá bunaithe ar luachanna – díreoidh ar shláinte an chórais agus cinnteoidh go dtabharfar meas ar dhaoine agus go dtabharfar tacaíocht agus luach a saothair dóibh.
- Ba mhaith linn buachan agus déanamh amhlaidh ar an mbealach ceart – níl aon spéis againn i mbuachan ar ais nó ar éigean ná in aicearraí a thógáil.
- Leagfaimid spriocanna aonair ó thaobh próiseas agus torthaí de síos do gach spórt, ar spriocanna iad a bheidh dúshlánach, fiúntach agus réalaíoch.

Ár Spriocanna



An réasúnaíocht atá taobh thiar de na spriocanna

Thabharfadh feidhmíocht na hÉireann, agus feidhmíocht ár gcomparadóirí idirnáisiúnta amhail an Danmhairg agus an Nua-Shéalainn, ag na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha le tuiscint go bhfuil torthaí boinn bunaithe go mór ar an líon imeachtaí ina bhfuil lúthchleasaithe iomaíoch (i.e. imeachtaí ina bhfuil cumas ag lúthchleasaithe críochnú i measc an deichniúir is fearr, babhta ceannais a shroicheadh nó dul in iomaíocht ar son boinn) agus ar an gcumas atá acu feidhmiú ar bhealach atá maith go leor chun boinn a bhuachan ag na Cluichí sin (féach Tábla 1 agus Tábla 2).

Tábla 1. Feidhmíocht ag na Cluichí Oilimpeacha le déanaí – Éire, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn

Éire			
Cluichí Oilimpeacha	An Deichniúr is Fearr	Boinn	Ráta tiontaithe
Béising 2008	9	3	33%
Londain 2012	14	6	43%
Rio 2016	16	2	13%

An Danmhairg			
Cluichí Oilimpeacha	An Deichniúr is Fearr	Boinn	Ráta tiontaithe
Béising 2008	18	7	39%
Londain 2012	30	9	30%
Rio 2016	30	15	50%

An Nua-Shéalainn			
Cluichí Oilimpeacha	An Deichniúr is Fearr	Boinn	Ráta tiontaithe
Béising 2008	32	9	28%
Londain 2012	40	13	33%
Rio 2016	45	18	40%

Tábla 2. Feidhmíocht ag na Cluichí Parailimpeacha le déanaí – Éire, an Danmhairg, an Nua-Shéalainn

Éire			
Cluichí Parailimpeacha	An tOchtar is Fearr	Boinn	Ráta tiontaithe
Béising 2008	23	5	22%
Londain 2012	45	16	36%
Rio 2016	52	11	21%

An Danmhairg			
Cluichí Parailimpeacha	An tOchtar is Fearr	Boinn	Ráta tiontaithe
Béising 2008	21	9	43%
Londain 2012	17	5	29%
Rio 2016	23	7	30%

An Nua-Shéalainn			
Cluichí Parailimpeacha	An tOchtar is Fearr	Boinn	Ráta tiontaithe
Béising 2008	27	12	44%
Londain 2012	36	17	47%
Rio 2016	53	21	40%

Thar na trí thimthriall Oilimpeacha seo a chuaigh thart, chruthaigh Éire gur náisiún í a bhíonn in ann 3-4 bhonn ar an meán a bhuachan ag na Cluichí Oilimpeacha. Ar bhonn chur chun feidhme iomlán na straitéise seo, leag Spórt Éireann spriocanna uaillmhianacha síos chun Éire a athrú ó náisiún a bhuann 3-4 bhonn ina náisiún a bhuafaidh 8-10 mbonn ag na Cluichí Oilimpeacha faoin mbliain 2028.

Maidir leis na Cluichí Parailimpeacha, d'éirigh le hÉirinn rath póidiam a bhaint amach go seasta agus bhuaigh sí 10 mbonn go 11 bhonn ar an meán gach uair i dtimthriallta le déanaí. Bhí a feidhmíocht láidir i gcomparáid le náisiúin a bhfuil daonra den chineál céanna acu (féach Tábla 2). Oibríonn an spórt Parailimpeach i gcomhthéacs difriúil leis an Spórt Oilimpeach agus tagann sé ar thosca breise ar féidir leo dul i bhfeidhm ar an gcumas chun boinn a bhuachan. Mar shampla, bíonn cumas aon náisiúin ina leith sin faoi réir athruithe ar aicmiú lúthchleasaithe agus faoi réir tallann a bheith ar fáil agus a shainaitheint laistigh de dhaonra lúthchleasaithe atá i bhfad níos lú. Ina theannta sin, fágann an líon ollmhór imeachtaí a reáchtálfar sna príomhspóirt Parailimpeacha, amhail Snámh, Lúthchleasaíocht agus Rothaíocht, go mbeidh deiseanna suntasacha ag Éirinn spriocdhíriú ar imeachtaí nua i gCluichí amach anseo. Bunaithe ar na tosca sin agus ar na hacmhainní méadaithe a bheidh ar fáil laistigh den chóras, tá sé mar aidhm leis an straitéis seo leanúint le teist ratha na hÉireann ag na Cluichí Parailimpeacha agus 12-16 bhonn a bhuachan i bPáras 2024 agus in Los Angeles 2028.

Is gá cur chuige déach a ghlacadh chun na spriocanna boinn do na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha a bhaint amach. Beidh sé mar aidhm leis an gcur chuige sin méadú a dhéanamh ar an líon imeachtaí ina dtéann lúthchleasaithe Éireannacha in iomaíocht ar son boinn agus feabhas a chur ar an dóigh a n-ullmhaímid lúthchleasaithe, agus a dtacaímid leo, chun an póidiam a bhaint amach ar bhonn níos minice ag na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha (féach Tábla 3 agus Tábla 4).

Tábla 3. Spriocanna do Chluichí Oilimpeacha amach anseo

Cluichí Oilimpeacha	An líon measta imeachtaí inar cheart do lúthchleasaithe Éireannacha bheith iomaíoch (i.e. An Deichniúr is Fearr/an Babhta Ceannais)	An sprioclíon bonn Oilimpeach
Tóiceo 2020	10-15	3-4
Páras 2024	16-19	5-7
Los Angeles 2028	20-24	8-10

Tábla 4. Spriocanna do Chluichí Parailimpeacha amach anseo

Cluichí Parailimpeacha	An líon measta imeachtaí inar cheart do lúthchleasaithe Éireannacha bheith iomaíoch (i.e. An tOchtar is Fearr/an Babhta Ceannais)	An sprioclíon bonn Parailimpeach
Tóiceo 2020	22-28	8-10
Páras 2024	29-36	12-16
Los Angeles 2028	29-36	12-16

Buntacóidh na príomhcholúin sa straitéis seo leis an gcur chuige sin trí acmhainní a spriocdhíriú ar spóirt tosaíochta agus ar spóirt ina bhfuil cumas againn boinn a bhuachan agus trí fheabhas a chur ar inniúlacht agus cumas an chórais ár lúthchleasaithe a fhorbairt agus tacú leo. Is é an toradh beartaithe a bheidh leis an gcur chuige sin ná cur le cumas ár lúthchleasaithe dul in iomaíocht leis na lúthchleasaithe is fearr ar domhan i dtuilleadh imeachtaí, rud a mhéadóidh na deiseanna buachana boinn a bheidh againn sna himeachtaí sin ag na Cluichí Oilimpeacha agus na Cluichí Parailimpeacha.

Ár 7 gColún Straitéiseacha



* Lena n-áirítear: an Rialtas, Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, institiúidí ardoideachais

1

Colún Straitéiseach: INFHEISTÍOCHT DHÍRITHE FEIDHMÍOCHTA



Prionsabail


- Beidh Spórt Éireann uailmhianach agus leagfaidh sé tosaíochtaí soiléire síos le haghaidh infheistíochta.
- Saineofar na critéir le haghaidh meastóireacht a dhéanamh ar spóirt Oilimpeacha agus Pharailimpeacha agus úsáidfear iad chun tacú lenár gcinnteoireacht maidir le samhail níos dírithe infheistíochta. Beidh na critéir sin i bhfeidhm faoi thús thimthriall Pháras.
- Déanfaidh Spórt Éireann athbhreithniú tréimhsiúil ar an mbeartú tosaíochta a dhéantar ar an spórt chun dul chun cinn agus athruithe le himeacht ama a léiriú.
- Tacófar le lúthchleasaithe cumasacha a bhfuil gealladh fúthu i spóirt neamhthosaíochta chun gur féidir leo a gcumas a uasmhéadú.

Príomhghníomhartha

1. Catagóireoidh Spórt Éireann na spóirt laistigh dár gcóras agus cuirfidh sé na spóirt sin in ord tosaíochta ar bhealach comhréireach chun críocha infheistíochta. Úsáidfear critéir shoiléire ar mhaithe le torthaí sonracha a bhaint amach i réimse na hardfheidhmíochta. Maidir leis na critéir a úsáidfear chun measúnú a dhéanamh ar stádas gach ceann dár spóirt, beidh siad bunaithe ar pharaiméadair lena mbuntacaítear le cláir rathúla. Tá tacar táscach critéar leagtha amach thíos.
 - a. Uaillmhian feidhmíochta an spóirt
 - b. Próifíl na lúthchleasaithe a bhfuil cumas ardfeidhmíochta acu laistigh den spórt
 - c. Éifeachtacht na planála feidhmíochta laistigh den spórt
 - d. Taithí agus cumas na gcóitseálaithe laistigh den spórt
 - e. An líon deiseanna buachana boinn atá ar fáil don spórt
 - f. Teist ratha an spóirt go dtí seo
 - g. Próisis rialachais agus chinnteoireachta laistigh den spórt
 - h. An tsamhail ghnó lena mbuntacaítear leis an gclár feidhmíochta.

Thar na deich mbliana atá romhainn, is amhlaidh, trí phróisis um beartú tosaíochta infheistíochta, planáil agus measúnú, go n-oibreoidh Spórt Éireann le spóirt ardfeidhmíochta chun a gcuid clár a fheabhsú ar fud critéir shonracha. Féachfaidh gach spórt lena stádas i ngach critéar infheistíochta a bhogadh i dtreo lár na spriocanna critéar, mar atá léirithe sa sampla ar an taobh eile den leathanach.

2. Déanfaidh Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta faire na fáistíne go tráthrialta chun a chinntiú gur féidir lúthchleasaithe cumasacha atá ag teacht chun cinn a shainithint agus tacú leo.
3. Cinnteoidh Spórt Éireann go mbeidh soláthar ann le haghaidh tacú le lúthchleasaithe Oilimpeacha agus Parailimpeacha a bhfuil cumas acu bonn a bhuachan lasmuigh de spóirt tosaíochta agus leagfaidh sé an soláthar sin amach go mion.



2

Colún Straitéiseach: FEIDHMÍOCHT LÚTHCHLEASAITHE AGUS TACAÍOCHT IOMLÁNAÍOCH



Prionsabail

- Soláthróidh an córas ardfheidhmíochta tacaí ar fud na bpointí is tábhachtaí de ghairm an lúthchleasaí nuair a bhíonn na riachtanais seo a leanas aige/aici:
 - Cóitseáil den chéad scoth
 - Tacaíocht ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
 - Roghanna déghairme
 - Scéim cardála
 - Cláir scoláireachta
 - Seirbhísí tacaíochta feidhmíochta
 - Pleanáil trasdula (ó lúthchleasaí sóisearach ina lúthchleasaí sinsearach)
 - Pleanáil agus tacaíocht don saol tar éis ghairm an lúthchleasaí
- Bunóidh Spórt Éireann Beartas Leasa do Lúthchleasaithe lena ghlacadh ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
- Glacfaidh lúthchleasaithe freagracht as a n-aistear agus tacófar leo a stíl mhaireachtála feidhmíochta a fhéinbhainistiú.

Príomhghníomhartha

1. Cuirfear an Scéim Cardála ar aghaidh chun í a thagarmharcáil in aghaidh an scothchleachtais idirnáisiúnta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas go sonrach:
 - a. Freagracht mhéadaithe agus bainistiú méadaithe na cardála laistigh de na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
 - b. An infheistíocht iomlán uasta
 - c. Leithdháileadh na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta i gcomparáid le leithdháileadh Spórt Éireann
 - d. Scéimeanna ilbhliantúla cardála – faoi bhainistiú inmheánach ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, agus formhaoirseacht á déanamh ag Spórt Éireann
 - e. Conarthaí comhaontaithe lúthchleasaithe leis an gComhlacht Rialaithe Náisiúnta
2. Soláthrófar tuilleadh acmhainní d’Institiúid Spórt Éireann ionas gur féidir léi feabhas a chur ar an tacaíocht scileanna saoil a thugtar do lúthchleasaithe, lena n-áirítear comhairle maidir le hoideachas, maidir le planáil airgeadais, maidir le hobair acadúil a chothromú, maidir le planáil déghairme agus maidir le rochtain a fháil ar scéimeanna fostaíochta atá oiriúnach do lúthchleasaithe atá i bhfeidhm ag eagraíochtaí earnála poiblí agus eagraíochtaí earnála príobháidí araon.
3. Beidh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta freagrach go príomha as leas lúthchleasaithe agus forbróidh siad bealaí éifeachtacha inar féidir fadhbanna lúthchleasaithe a aithint agus aghaidh a thabhairt orthu.
4. Forbróidh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta planáil fhadtéarmach comórtais ar fud na spórt tosaíochta uile chun a chinntiú go bhfaigheann lúthchleasaithe an blaiseadh is mó is féidir de dhálaí struis chomórtais agus go n-éiríonn siad níos compordaí agus iad páirteach i gcomórtais ar an leibhéal is airde.
5. Forbróidh Spórt Éireann beartas soiléir ar an dóigh a dtacófar le spóirt foirne maidir le hinfheistíocht dhíreach do lúthchleasaithe, maidir le seirbhísí tacaíochta do lúthchleasaithe agus maidir le hionchur ón gComhlacht Rialaithe Náisiúnta.
6. Tabharfaidh Spórt Éireann Athbhreithnithe Cultúir isteach chun tacú le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta na timpeallachtaí is fearr is féidir a sholáthar do lúthchleasaithe.

3

Colún Straitéiseach: CÓITSEÁIL AGUS SEIRBHÍSÍ TACAÍOCHTA DEN CHÉAD SCOTH



Prionsabail

- Bunchloch an scothspóirt ar fad is ea an chóitseáil. Ceapfaidh Spórt Éireann Treoraí um Chóitseáil Ardfheidhmíochta.
- Is gá cur chuige lúthchleasaí-láraithe a ghlacadh, áit a mbeidh cumarsáid oscailte agus comhroinnt eolais ann idir cóitseálaithe agus soláthraithe tacaíochta.
- Gheobhaidh cóitseálaithe cumasacha Éireannacha deiseanna laistigh dár gcóras agus tabharfar tacaíocht dóibh ó thaobh acmhainní teicniúla, meabhrach, fisiciúla agus airgeadais de.
- Tá freagracht chomhroinnte ar Aonad Cóitseála Spórt Éireann agus ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta as cóitseálaithe a oibríonn le lúthchleasaithe ar leibhéal forbartha agus ar leibhéal sóisearach.
- Tá freagracht chomhroinnte ar Institiúid Spórt Éireann agus ar na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta as tacaíocht a thabhairt do chóitseálaithe de chuid lúthchleasaithe sinsearach atá chun páirt a ghlacadh i gCluichí Oilimpeacha nó Parailimpeacha.
- Oibreoidh ár gcóras de réir caighdeán den chéad scoth, agus é ag baint leas as saineolas idirnáisiúnta, nuair is cuí, chun seirbhísí cóitseála agus tacaíochta ardfheidhmíochta a bhrú chun cinn.
- Soláthrófar tuilleadh acmhainní d'Institiúid Spórt Éireann chun gur féidir léi feabhas a chur ar sheirbhísí tacaíochta feidhmíochta do lúthchleasaithe agus chun gur féidir léi tacaíocht níos doimhne a thabhairt do spóirt tosaíochta.

Príomhghníomhartha

1. I gcomhpháirt leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, méadóidh Spórt Éireann gairmiúlú na cóitseála ardfheidhmíochta chun a chinntiú go n-éireoidh sí ina rogha inmharthana ghairme do chóitseálaithe cumasacha inár gcóras.
2. Forbróidh Spórt Éireann plean cuimsitheach gnó chun cumas na cóitseála ardfheidhmíochta a chur ar aghaidh ar fud an chórais. Áireofar na nithe seo a leanas leis sin:
 - a. Athbhreithniú a dhéanamh ar an tsamhail chóitseála a theastaíonn le haghaidh obair le lúthchleasaithe ardfheidhmíochta
 - b. A chinntiú go dtairgeann ár gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta uile cúrsaí cuí cóitseála don spórt ardfheidhmíochta
 - c. Clár forbartha gairmiúla a sholáthar do chóitseálaithe a oibríonn le lúthchleasaithe idirnáisiúnta ar leibhéal sóisearach agus ar leibhéal óige
 - d. Anailís a dhéanamh ar bhearnaí san eolas speisialtóra a theastaíonn le haghaidh cóitseáil Pharailimpeach
 - e. Tagarmharc tuarastail a shocrú do chóitseálaithe inár gcóras ardfheidhmíochta
 - f. Creat forbartha a chruthú le haghaidh cóitseálaithe ardfheidhmíochta, rud a bheidh bunaithe ar na riachtanais atá acu, lena n-áirítear blaiseadh de chórais idirnáisiúnta, déine iomaíoch, foghlaim chomhroinnte ar fud an chórais agus foghlaim ó thimpeallachtaí ardfheidhmíochta lasmuigh den spórt.
3. Soláthróidh Institiúid Spórt Éireann seirbhísí tacaíochta feidhmíochta den chéad scoth dár spóirt tosaíochta agus dár lúthchleasaithe ardfheidhmíochta (lasmuigh de spóirt tosaíochta) trí na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:
 - a. Samhail láraithe a ghlacadh, rud ina mbeidh moil réigiúnacha tacaíochta le haghaidh seirbhísí tacaíochta feidhmíochta a sholáthar
 - b. Comhoibriú a fhorbairt ar fud an chórais – Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Institiúidí Ardoideachais, an earnáil phríobháideach
 - c. Líonraí scothchleachtais um chomhroinnt eolais a chruthú maidir le seirbhísí tacaíochta a sholáthar.

4

Colún Straitéiseach: STRUCHTÚIR GHNÓ AGUS PLEANÁIL GNÓ



Prionsabail

- Sainmhíneofar an ardfheidhmíocht laistigh de gach spórt chun a chinntiú go dtuigfidh gach duine i róil cheannaireachta agus rialachais í.
- Ní mór cláir ardfheidhmíochta a bheith faoi threoir ag saineolaí agus a bheith faoi réir formhaoirseacht ag Coiste Ardfheidhmíochta (nó údarás eile toscairí, i.e. Grúpa Comhairleach Ardfheidhmíochta) a chuimsíonn comhaltaí neamhspleácha.
- Beidh caighdeán rialachais i bhfeidhm do gach clár ardfheidhmíochta. Beidh na caighdeáin sin bunaithe ar chéim forbartha/aibíochta an spóirt agus ar struchtúr an spóirt.
- Fágann cistiú ilbhliantúil gur féidir pleanáil feidhmíochta a dhéanamh ar bhonn níos fadtéarmaí thar thimthriallta Oilimpeacha/Parailimpeacha.
- Ba cheart cistiú a bheith nasctha le torthaí ardfheidhmíochta a sholáthar.
- Cé go bhfuil éagsúlacht ann idir na spóirt dhifriúla maidir leis an gcumas atá acu cistiú seachtrach a chruinniú, ba cheart caitheamh le cláir ardfheidhmíochta amhail is dá mbeadh gnó iontu agus ba cheart an méid sin a léiriú i bpleananna gnó.
- Ba cheart an infheistíocht ón rialtas sa spórt ardfheidhmíochta a bheith ag brath ar chistiú meaitseála a fháil ó Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta.

Príomhghníomhartha

1. Leagfaidh Spórt Éireann sprioc-chaighdeáin chleachtais rialachais síos le haghaidh ár gclár spóirt ardfheidhmíochta, áit a n-eiseofar cistiú bunaithe ar a mhéid a bhítear ag cloí leis na critéir íoschaighdeán seo a leanas:
 - a. Tá foireann lánaimseartha íoctha feidhmíochta ann sa spórt
 - b. Ní mór ról an Stiúrthóra Feidhmíochta a bheith ar leithligh ón ról cóitseála
 - c. Ní mór coiste ardfheidhmíochta a bheith ag an spórt, ar coiste é a thugann tacaíocht don Stiúrthóir Feidhmíochta agus a chumasaíonn dó/di agus a chinntíonn go bhfuil an saineolas riachtanach ag na daoine a dhéanann cinntí a théann i bhfeidhm ar chlár ardfheidhmíochta.
 - d. Ní mór saineolas neamhspleách ardfheidhmíochta a bheith ann ar an gcoiste ardfheidhmíochta
 - e. Ní mór stiúrthóirí neamhspleácha a bheith ann ar bhord an spóirt
 - f. Ní mór caidreamh atá leithscartha go soiléir a bheith ann idir an príomhoifigeach feidhmiúcháin, an coiste ardfheidhmíochta, an stiúrthóir feidhmíochta agus an bord
 - g. Féadfaidh Spórt Éireann saineolaithe neamhspleácha a mholadh ó phainéal Spórt Éireann, ar daoine iad a fhéadfar a chur ar an mbord/ ar an gcoiste ardfheidhmíochta chun dea-chleachtas agus saineolas a leabú
 - h. Gheobhaidh comhaltaí nua den bhord/den choiste ardfheidhmíochta oiliúint tráth theacht isteach sa chóras ardfheidhmíochta dóibh
2. Déanfaidh na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta na gníomhartha seo a leanas:
 - a. An cód rialachais a chomhlíonadh
 - b. Díriú ar dhea-chleachtas a leabú suas go dáta ar leith, ar ina dhiaidh nach mór íoschaighdeáin a chomhlíonadh chun cistiú a fháil
 - c. Ba cheart do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta 20% ar a laghad den chistiú dá gclár ardfheidhmíochta a ghiniúint leo féin
3. Tacóidh Spórt Éireann le Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta trí na gníomhartha seo a leanas a dhéanamh:
 - a. Fóram scotchcleachtais a bhunú le haghaidh coistí ardfheidhmíochta chun gur féidir le comhaltaí de choistí ardfheidhmíochta ar fud na spóirt difriúil eolas agus saineolas a chomhroinnt lena chéile ar bhonn tráthrialta, e.g. go ráithiúil
 - b. Spreagadh agus tacaíocht a thabhairt do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta poist a ghnóthú ar a gCónaidhmeanna Eorpacha agus Domhanda chun gur féidir leo tionchar a imirt ar chinntí ardfheidhmíochta
 - c. Iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann sruthanna malartacha cistiúcháin a fhorbairt, lena n-áirítear samhail Fondúireachta, atá cosúil le banna rialtais agus a bhfuil mar aidhm léi cistiú a lorg ó shintíúsóirí corparáideacha lena mheaitseáil sa chóras ardfheidhmíochta agus tacaíocht chomhchoiteann a thabhairt do spóirt feidhmíochta na hÉireann, i.e. 'Foireann Éireann', agus iniúchadh a dhéanamh ar an bhféidearthacht atá ann clár cistí Meiriceánach-Éireannach a thabhairt isteach go sonrach don spórt ardfheidhmíochta

Samhail um Rialachas Ardfheidhmíochta

Ceanglóidh Spórt Éireann ar spóirt a thaispeáint go bhfuil leibhéil chuí rialachais chorpáraidigh, cheannaireachta, chaighdeán eiticíúil, bhainistíochta airgeadais agus riaracháin i bhfeidhm acu chun bheith incháilithe d’infheistíocht ardfheidhmíochta. Déanfar rialachas spórt ardfheidhmíochta a mheasúnú in aghaidh na samhla scothchleachtais seo a leanas:



Comhdhéanamh agus inniúlacht an bhoird

- Ní mór bord an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta a bheith struchtúrtha ar bhealach a chinntíonn cothromaíocht ó thaobh scileanna gairmiúla, éagsúlachta, teorainneacha téarma agus taithí de chun treo straitéiseach cuí a sholáthar don choiste feidhmiúcháin agus chun formhaoirseacht straitéiseach chuí a dhéanamh.
- Ba cheart forálacha a bheith ann sa bhunreacht chun comhalta amháin ar a laghad den bhord a cheapadh mar churadh le haghaidh spórt ardfheidhmíochta.
- Má tá aon bhearnaí ann san eolas atá ag an mbord ar an spórt ardfheidhmíochta, ba cheart aghaidh a thabhairt ar na bearnaí sin trí nósanna imeachta le haghaidh comhaltaí nua den bhord a cheapadh agus a oiliúint.

Ceannaireacht eagraíochta

- Ba cheart do bhord agus coiste feidhmiúcháin an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta soiléire iomlán a bheith acu ar an dóigh a sainmhínítear an ardfheidhmíocht laistigh den spórt agus ar na caighdeáin is gá do lúthchleasaithe agus do phearsana a bhaint amach chun gur féidir leo dul in iomaíocht agus buachan ar leibhéal Eorpach agus Domhanda.
- Ní mór do na daoine a shealbhaíonn na poist thábhachtacha ardcheannaireachta mar Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus mar Stiúrthóir Náisiúnta Feidhmíochta na scileanna agus an taithí a bheith acu chun an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus an clár ardfheidhmíochta a threorú.
- Ba cheart ról agus freagrachtaí a bheith leithscartha go soiléir, áit a dtuairisceoidh an Stiúrthóir Feidhmíochta don Phríomhoifigeach Feidhmiúcháin agus a dtuairisceoidh an Príomhoifigeach Feidhmiúcháin don bhord.

Struchtúr agus feidhm an choiste ardfheidhmíochta

- Ní mór don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta coiste ardfheidhmíochta a bheith i bhfeidhm aige, rud a thacaíonn le treo straitéiseach an Stiúrthóra Feidhmíochta ach a cheistíonn cinntí an Stiúrthóra Feidhmíochta ar bhealach cuiditheach ag an am céanna.
- Cé gur cheart don choiste ardfheidhmíochta tuairisciú do Bhord an Chomhlachta Rialaithe Náisiúnta, ba cheart don choiste údarás tarmligthe a bheith aige chun cinntí a dhéanamh maidir leis an gclár ardfheidhmíochta.
- Ní mór don choiste ardfheidhmíochta bheith comhdhéanta de chomhalta neamhspleách amháin ar a laghad a bhfuil saineolas ardfheidhmíochta aige/aici agus de chomhalta amháin ar a laghad den bhord.

Beartais, nósanna imeachta agus próisis

- Ní mór don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta beartais shoiléire agus nósanna imeachta soiléire a fhorbairt agus a fhoilsiú chun buntacú le gach cinneadh tábhachtach a bhaineann le lúthchleasaithe agus leis an gclár ardfheidhmíochta i gcoitinne.
- Ní mór don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta a leagan amach conas a bheartaíonn sé comhionannas agus caighdeán eiticiúla ó thaobh cultúir agus cleachtais de a choimirciú laistigh den chlár ardfheidhmíochta.
- Ní mór athbhreithnithe feidhmíochta a dhéanamh ar bhonn tréimhsiúil. Le linn na n-athbhreithnithe sin, ba cheart an chothromaíocht chuí a bhaint amach idir na daoine agus na próisis atá i gceist leis an gclár ardfheidhmíochta a fhorbairt agus torthaí iomaíocha a sholáthar.
- Ní mór don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta próisis láidre phleanála agus bhainistíochta airgeadais a bheith i bhfeidhm aige chun foinsí difriúla cistiúcháin a ghiniúint agus a leithdháileadh sa chlár ardfheidhmíochta agus chun faireachán a dhéanamh ar na foinsí sin.
- Ní mór don Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta próisis láidre tuairiscithe a bheith i bhfeidhm aige chun gach geallsealbhóir sa chlár ardfheidhmíochta a shásamh.

5

Colún Straitéiseach: COMHPHÁIRTÍOCHTAÍ



Comhoibriú agus ailíniú ar fud an chórais, lena mbaineann an Rialtas, Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann, Cumann Parailimpeach na hÉireann, institiúidí ardoideachais, bunscoileanna agus meánscoileanna.

Prionsabail

- Tá comhoibriú agus ailíniú ar cheann de na príomhphionsabail feidhmíochta sa phlean straitéiseach nua. Tá siad ar cheann de na luachanna a bhuntacaíonn leis an obair ar fad freisin.
- Ní mór dúinn deiseanna a chruthú chun gur féidir le hinstitiúidí ardoideachais comhoibriú laistigh den chóras ardfheidhmíochta nuair a bhíonn tiomantas comhroinnte ann chun tacú le lúthchleasaithe agus chun comhinfeistiú i réimse na hardfheidhmíochta. Beidh ag gach ollscoil/coláiste cineálacha difriúla caidreamh laistigh den chóras spóirt ardfheidhmíochta. Mar sin, ba cheart conarthaí ar leith nó comhaontuithe seirbhíse ar leith a dhéanamh idir institiúidí ardoideachais agus Spórt Éireann, á aithint go soiléir conas a fhreastalófar leo ar riachtanais ghnó na n-institiúidí.
- Aithnímid go dtéann an fhoghlaim scileanna bunghluaiseachta agus an gnóthú scileanna ar leibhéal forbartha, go háirithe tríd an mbunoideachas agus tríd an meánoideachas, i bhfeidhm go mór ar fhorbairt agus cumas ár lúthchleasaithe níos faide ar aghaidh ar an gconair feidhmíochta.

Príomhghníomhartha

1. Comhoibriú le hinstiúidí ardoideachais chun comhpháirtíocht a fhorbairt idir Spórt Éireann, Spórt Thuaisceart Éireann, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann. Déanfar iniúchadh ar na nithe seo a leanas le linn an chomhoibrithe sin:
 - a. An fhéidearthacht atá ann go n-éireoidh instiúidí/ollscoileanna ina nlonaid Bharr Feabhais le haghaidh spóirt shonracha ardfheidhmíochta agus go n-éireoidh siad ina moil bhrandáilte de chuid Institiúid Spórt Éireann, áit a dtairgfear seirbhísí réigiúnaithe ardfheidhmíochta atá nasctha le Dearbhú Cáilíochta agus Cáilíochtaí Éireann (QQI)
 - b. Prionsabail atá faoi threoir ag an Rialtas chun tacú le lúthchleasaithe déghairme déileáil lena n-obair acadúil
 - c. Cur leis an ról atá ag instiúidí ardoideachais mar chomhpháirtithe sa trasdul ó lúthchleasaí sóisearach ina lúthchleasaí sinsearach
 - d. Naisc a chruthú idir dámha eolaíochta spóirt laistigh d'institiúidí ardoideachais agus na spóirt
 - e. Saineolas cóitseála agus teicniúil ardfheidhmíochta atá lonnaithe san institiúid ardoideachais a chomhchistiú
 - f. Naisc a chruthú idir dámha taighde agus na spóirt
 - g. Féachaint ar an dóigh ar féidir cláir scoláireachta spóirt a ghíaráil agus a rochtain i gcomhthéacs na comhpháirtíochta sin.
2. Seisiúin mhinice líonraithe agus chomhroinnte faisnéise a bhunú idir grúpaí sainleasa ardfheidhmíochta, amhail coistí ardfheidhmíochta, stiúrthóirí feidhmíochta, cóitseálaithe, etc., agus iad a ailíniú idir Poblacht na hÉireann agus Tuaisceart Éireann.
3. Ailíniú leis an nGrúpa Ceannaireachta Spóirt chun aghaidh a thabhairt ar na príomhréimsí lena mbaineann tábhacht straitéiseach don chóras ardfheidhmíochta, lena n-áirítear, mar shampla, forbairt saoraidí ardfheidhmíochta, oideachais spóirt i mbunscoileanna agus i meánscoileanna, agus forbairt beartais.

6

Colún Straitéiseach: SAORÁIDÍ AGUS TREALAMH DEN CHÉAD SCOTH



Prionsabail

- Plean ilspóirt a bheidh sa phlean saoraidí, rud a chomhordófar ar bhonn náisiúnta agus a bheidh nasctha le hinstiúidí ardoideachais.
- Beidh saoraidí ardfheidhmíochta inrochtana agus cuimseoidh siad saoraidí cónaithe do lúthchleasaithe, do chóitseálaithe agus do bhaill foirne tacaíochta.
- Déanfar ionaid réigiúnacha ardfheidhmíochta a dhíghlasáil trí chomhoibriú agus beidh siad nasctha le spóirt shonracha.
- Baineann ríthábhacht le cistiú caipitil ilbhliantúil do spóirt ardfheidhmíochta atá dian ar threalamh.
- Agus saoraidí á bhforbairt, féachfar chuige go seasfaidh siad an aimsir agus cuirfear san áireamh tuairimí na ndaoine a úsáidfídh iad.

Príomhghníomhartha

1. Cur leis an máistirphlean do Champas Spórt Éireann, de réir thiomantas an Rialtais dá chríochnú, chun go n-áireofar na nithe seo a leanas leis:
 - a. Measúnú a dhéanamh ar riachtanais agus ar phleanáil, a mhéid a bhaineann le struchtúir mhórskála ar an láithreán, e.g. láthair comórtas
 - b. Cóiríocht do lúthchleasaithe
 - c. Sráidbhaile ar an láithreán ina bhfreastalófar ar na riachtanais scothchleachtais atá ag lúthchleasaithe, lena n-áirítear ceaintín, iompar ar an láithreán, pointí rochtana, etc.
 - d. Grúpa comhoibrithe idir na spóirt agus Stiúrthóir Forbartha Champas Spórt Éireann, rud a thiocfaidh le chéile ar bhonn tráthrialta agus a chomhroinnfidh eolas ar an mbealach is fearr chun an Campas a fhorbairt
 - e. Leanúint le hInstitiúid Spórt Éireann a fhorbairt ar bhonn céimnithe
 - f. Iniúchadh a dhéanamh ar na deiseanna a d'fhéadfadh a bheith ann chun imeachtaí idirnáisiúnta a óstáil ag Campas Spórt Éireann.
2. Oibreoidh Spórt Éireann i gcomhar leis an Rialtas chun a chinntiú go mbeidh an beartas bonneagair chaipitil nasctha leis an straitéis ardfheidhmíochta agus chun plean saoráidí a fhorbairt, ar plean é a mbeidh na critéir shonracha seo a leanas ag gabháil leis:
 - a. Ailíniú ar leibhéal náisiúnta le Tionscadal Éireann 2040
 - b. Scéim cistiúcháin chaipitil a fhorbairt go sonrach don spórt ardfheidhmíochta
 - c. Beidh an tionchar ar chinntí cistiúcháin chaipitil ardfheidhmíochta ag brath ar ardchaighdeán rialachais chorparáidigh a chothabháil
 - d. Ní mór gurb ionann an Comhlacht Rialaithe Náisiúnta agus an comhlacht atá aitheanta chun iarratas a dhéanamh ar chistiú caipitil ardfheidhmíochta
 - e. An plean náisiúnta bonneagair a ailíniú le measúnú ar riachtanas – iniúchadh ar shaoráidí atá ann cheana
 - f. Ailíniú lárnach le húdaráis áitiúla
 - g. Na dátaí a eiseofar caipiteal thar thimthriall ilbhliantúil a bheith infheicthe
 - h. Caipiteal infheistíochta agus seirbhísí cláir, cardála agus tacaíochta a bheith infheicthe
 - i. Ailíniú agus comhoibriú leis an earnáil ardoideachais
 - j. Measúnú ar a inmharthana atá naisc le coincheap an acadaimh mheánscoile ardfheidhmíochta in aice le Campas Spórt Éireann.
3. Comhoibreoidh Spórt Éireann leis an earnáil ardoideachais chun saoráidí réigiúnacha feidhmíochta a rochtain agus chun na moil réigiúnacha sin atá ann cheana – e.g. an tIonad Náisiúnta Rámhaíochta – a fhorbairt trína iniúchadh conas is féidir leo a éirí ina moil le haghaidh spóirt éagsúla ardfheidhmíochta.
4. Déanfaidh Spórt Éireann iniúchadh ar na roghanna atá ann ról a thabhairt don earnáil phríobháideach i bhforbairt saoráidí ardfheidhmíochta agus i gcistiú comhpháirtíochta.

7

Colún Straitéiseach: TAIGHDE AGUS NUÁLAÍOCHT



Prionsabail

- Tá deiseanna ag tionscadail taighde agus nuálaíochta luach a chur leis na colúin uile sa straitéis seo, lena n-áirítear Feidhmíocht Lúthchleasaithe, Seirbhísí Cóitseála agus Tacaíochta, Struchtúir Ghnó agus Pleanáil Gnó, Comhpháirtíochtaí, agus Saoráidí.
- Trínár gcleachtas a anailísiú i gcónaí agus trí fhoghlaim i gcónaí ó fhoirne agus eagraíochtaí éifeachtacha laistigh dár gcóras agus lasmuigh de araon, cuirfimid leis an eolas atá againn ar na nithe a n-éiríonn leo sa réimse seo.
- Tabharfar spreagadh do spóirt ardfheidhmíochta dúshlán feidhmíochta laistigh dá spórt a shainaithint ar mhaithe le ceisteanna taighde a ghiniúint agus a fhorbairt – cothófar meon na nuálaíochta trí shainaithint a dhéanamh ar shrianta sa chóras agus trí thriail a bhaint as bealaí inar féidir bearnaí feidhmíochta a dhúnadh.
- Tabharfaimid tús áite do na tionscadail sin a bhfuil an seans is mó acu dul i bhfeidhm ar fheidhmíocht lúthchleasaithe agus ar spóirt ina bhfuil cumas againn boinn a bhuachan.

Príomhghníomhartha

1. Cruthóidh Spórt Éireann comhpháirtíochtaí le hollscoileanna agus leis an earnáil phríobháideach chun tionscadail taighde fheidhmigh agus tionscadail forbartha a sheoladh i réimsí amhail anailís feidhmíochta, eolaíocht spóirt, míochaine spóirt, anailísíocht sonraí, teicneolaíocht spóirt agus cóitseáil.
2. Cuirfidh Spórt Éireann borradh faoin tsamhail mac léinn PhD atá in úsáid faoi láthair chun tionscadail taighde a shaothrú agus chun deiseanna a chruthú do chleachtóirí cumasacha obair agus forbairt laistigh den chóras.
3. Tabharfar spreagadh do Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta comhoibriú ar thionscadail taighde a bhfuil mar aidhm leo luach a chur le cleachtas laethúil stiúrthóirí feidhmíochta, cóitseálaithe, ball foirne tacaíochta agus lúthchleasaithe.
4. Forbróidh Spórt Éireann plan fadtéarmach maidir leis an dóigh ar féidir eolaíocht sonraí a úsáid chun luach a chur leis an spórt ardfheidhmíochta inár dtír, go háirithe sna réimsí seo a leanas, agus cuirfidh sé acmhainní ar fáil don phlean sin:
 - a. Cosc gortuithe, barrfheabhsú traenála, agus feabhsú feidhmíochta
 - b. Faisnéis feidhmíochta ar cad a theastaíonn chun buachan
 - c. Faireachán agus meastóireacht ar infheistíocht ardfheidhmíochta
 - d. Cinnteoireacht fhianaisebhunaithe laistigh dár gcóras ardfheidhmíochta.
5. Bunófar mol nuálaíochta agus taighde ag Campas Spórt Éireann chun smaointe a ghiniúint, chun tosaíochtaí taighde a shainaithint agus chun ceachtanna a foghlaimíodh a chomhroinnt laistigh dár bpobal ardfheidhmíochta.
6. Forbróidh Spórt Éireann agus na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta straitéisí cumarsáide agus caidrimh phoiblí atá saibhir ó thaobh sonraí de chun cur le tuiscint agus cáil ár gcórais spóirt ardfheidhmíochta.



Cur Chun Feidhme na Straitéise

An Cur Chuige um Chur Chun Feidhme

Tar éis an straitéis a sheoladh agus a fhoilsiú, tosófar ar ghníomhaíocht a dhéanamh faoina bun. Forbrófar plean mionsonraithe cur chun feidhme don tréimhse suas go dtí an bhliain 2023 chun aghaidh a thabhairt ar na gníomhartha laistigh de gach colún straitéiseach. Forbrófar pleananna cur chun feidhme ina dhiaidh sin ag pointí céimnithe suas go dtí an bhliain 2032. Beidh an cur chuige um chur chun feidhme na straitéise bunaithe ar thrí eilimint:

1. **Struchtúr eagraíochta** éifeachtach, áit a mbeidh soiléire ann ó thaobh ról agus freagrachtaí de, a mbeidh sreabhadh faisnéise ardcháilíochta ann ar fud an chlár ghníomhaíochta agus a mbeidh ról ag raon éagsúil geallsealbhóirí.
2. **Próisis athbheithniúcháin agus tuairiscithe** um chur chun feidhme na straitéise, áit a n-úsáidfear teimpléid chaighdeánaithe/uirlisí caighdeánaithe chun bainistiú a dhéanamh ar sceidealú tionscadal, ar leithdháileadh acmhainní, ar an dóigh a gcuirtear dul chun cinn in iúl, ar an dóigh a ndéantar faireachán ar phríomhtháscairí feidhmíochta agus ar spriocanna, agus ar ailiúnaí na cinnteoireachta ar fud na céime cur chun feidhme.
3. **Príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna**, a bhfuil mar aidhm leo soiléire ó thaobh dírithe de a sholáthar do gach tionscadal/tionscnamh chun a chinntiú go bhfuil siad struchtúrtha ón tús chun na cuspóirí a bhaint amach agus go bhfuil daoine ailínithe lena chéile ina leith sin.

1. Struchtúr eagraíochta

Coiste Ardfheidhmíochta Spórt Éireann

Glacfaidh an Coiste Ardfheidhmíochta freagracht as formhaoirseacht a dhéanamh ar chur chun feidhme rathúil na straitéise. Tiocfaidh an coiste le chéile gach sé mhí chun dul chun cinn a athbheithniú agus tabharfar cuireadh do shaineolaithe seachtracha de réir mar is gá chun comhairle a thabhairt maidir le cur chun feidhme réimsí straitéiseacha sonracha.

Foireann Bhainistíochta Tionscadal na Straitéise

Cuimseoidh Foireann Bhainistíochta Tionscadal na Straitéise pearsana ó Aonad Ardfheidhmíochta Spórt Éireann, agus tacaíocht sheachtrach bhreise á ceapadh de réir mar is gá. Beidh an fhoireann freagrach as na gníomhaíochtaí laethúla a bhaineann le cur chun feidhme na straitéise, lena n-áirítear próisis a dhearadh, dul chun cinn a rianú, saincheisteanna a réiteach, agus cumarsáid/geallsealbhóirí a bhainistiú. Comhordóidh an fhoireann grúpaí oibre atá sonrach don tionscadal freisin, a mbeidh mar aidhm leo tionscnaimh laistigh den phlean cur chun feidhme a bhrú chun cinn agus na gníomhartha atá leagtha amach sa straitéis a chomhlíonadh.


Láraonad Cumarsáide


Rud a sainithníodh mar réimse a bhfuil gealladh suntasach faoi is ea Láraonad Cumarsáide a chruthú i Spórt Éireann chun díriú go sonrach ar an spórt ardfheidhmíochta. Cinnfear mionsonraí agus raon feidhme iomlán an Láraonaid Chumarsáide sin mar chuid den phlean cur chun feidhme don tréimhse 2021–2023, tar éis breithniú a dhéanamh ar shamhlacha malartacha. Is é a bheidh i gceist le ról beartaithe an aonaid sin bainistiú a dhéanamh ar chumarsáid agus gnóthaí poiblí a bhaineann leis an spórt ardfheidhmíochta, lena n-áirítear na nithe seo a leanas:

- An chumarsáid ar fad a bhaineann leis an Straitéis Ardfheidhmíochta 2021–2032 a bhrú chun cinn
- Bainistiú a dhéanamh ar an gcaidreamh poiblí do gach spórt ardfheidhmíochta agus obair go dlúth le hOifigigh Chaidrimh Phoiblí laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
- Tacú leis na Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta cur chuige níos straitéisí a ghlacadh i leith cumarsáide i réimse an spóirt ardfheidhmíochta
- A chinntiú go gcuirtear luachanna agus scéalta na lúthchleasaithe agus na spórt in iúl go poiblí
- Comhoibriú a chothú idir na meáin agus Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
- A chinntiú go dtuigeann geallsealbhóirí na gnéithe cumarsáide de rialachas láidir agus go gcuireann siad in iúl iad.

2. Próisis athbhreithniúcháin agus tuairiscithe

Cuirfear athbhreithnithe tréimhsiúla agus tuarascálacha bliantúla i gcrích chun faireachán agus meastóireacht a dhéanamh ar chur chun feidhme na straitéise ardfheidhmíochta. Tá sceideal táscach maidir leis na príomhphointí athbhreithniúcháin ar fud na straitéise deich mbliana leagtha amach thíos:





3. Príomhtháscairí feidhmíochta agus spriocanna

Bunófar príomhtháscairí feidhmíochta, spriocanna agus tréimhsí ama chun aghaidh a thabhairt ar na gníomhartha faoi gach colún straitéiseach ar mhaithe le cur chun feidhme na straitéise ardfheidhmíochta a bhrú chun cinn. Forbrófar tacar mionsonraithe príomhtháscairí feidhmíochta, spriocanna agus tréimhsí ama mar chuid den phlean cur chun feidhme don tréimhse 2021–2023 tar éis fhoilsiú na straitéise.





Aguisíní

Aguisín 1: An tAthbhreithniú ó
Chomhairle Spóirt na hÉireann
ar an Straitéis Ardheidhmíochta

Aguisín 1: An tAthbhreithniú ó Chomhairle Spóirt na hÉireann ar an Straitéis Ardfheidhmíochta

Cúlra

Bhí ceapadh agus éabhlóid Chóras Ardfheidhmíochta na hÉireann bunaithe ar an bhfís agus ar na spriocanna atá leagtha amach sa chéad *Straitéis Ardfheidhmíochta* ó Chomhairle Spóirt na hÉireann, rud a foilsíodh sa bhliain 2001. Bhí an straitéis roimhe fréamhaithe ar an bhfís go mbeadh Éire ina “náisiún a bhaineann rath amach go seasta ar leibhéal Domhanda, Eorpach, Oilimpeach agus Parailimpeach”. Ba iad seo a leanas na sé sprioc straitéiseacha a sainaitníodh don chóras ardfheidhmíochta:

Sprioc straitéiseach	Cuspóirí ardleibhéil
Feabhas leanúnach ar fheidhmíocht spóirt na hÉireann	Méadú a dhéanamh ar an líon bonn a bhuaitear ar leibhéal Domhanda, Eorpach, Oilimpeach agus Parailimpeach
Conairí éifeachtacha do lúthchleasaithe	Conairí soiléire dea-chothaithe a fhorbairt i spóirt ábhartha, ar conairí iad lena gcabhraítear le lúthchleasaithe cumasacha óga a shainaithint agus a fhorbairt tríd an gcóras intíre agus ar aghaidh go leibhéal náisiúnta
Spóirt sháreifeachtacha	Cur leis an gcumas atá ag spóirt chun díriú ar an ardfheidhmíocht trí struchtúir láidre eagraíochta a fhorbairt agus trí acmhainní cóitseála agus riaracháin a bhunú
Príomh-shaineolas seirbhíse	Seirbhísí comhtháite cóitseála, míochaine spóirt agus eolaíochta spóirt atá ar ardchaighdeán a fhorbairt
Bonneagar ardcháilíochta do lúthchleasaithe	Tacaíocht inrochtana a chomhordaítear ar bhonn náisiúnta a thabhairt do lúthchleasaithe, rud a chumasaíonn dóibh dul ar aghaidh go dtí an leibhéal is airde
Aitheantas do na tairbhí a bhaineann leis an spóirt ardfheidhmíochta in Éirinn	Cabhrú le daoine an fhís a thuiscint agus a shaothrú trí straitéisí láidre cumarsáide agus trína chur in iúl conas is féidir le rath sa spóirt ardfheidhmíochta dul chun tairbhe d’fhéiniúlacht agus seasamh na hÉireann ar domhan

Athbhreithniú ar an straitéis

Sa chéad straitéis ardfheidhmíochta, ba trí shé mhór-réimse straitéiseacha a spriocdhíríodh dul chun cinn sa chóras:

1. Cur le beartas, acmhainní agus inniúlachtaí Spóirt na hÉireann
2. Líonra Náisiúnta Feidhmíochta Institiúid Spóirt na hÉireann agus seirbhísí cuí tacaíochta a chruthú
3. Fíorbharr feabhais a fhorbairt sa chóitseáil
4. Infheistiú i struchtúir éifeachtacha Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta
5. Conairí soiléire a bhunú go dtí an barr
6. Cumarsáid, cur chun cinn, taighde agus forbairt.

Bunaithe ar athbhreithniú ar chur chun feidhme na straitéise, is léir go ndearnadh dul chun cinn suntasach ar an gcóras ardfheidhmíochta ón mbliain 2001 i leith, tráth a bhí córas na hÉireann fós ina thús. Bhí dul chun cinn an chórais bunaithe go príomha ar dhian-athbhreithnithe ceathairbhliantúla neamhspleácha a rinneadh tar éis gach timthrialla Oilimpigh agus Pharailimpigh (i.e. Athbhreithniú na hAithne, Athbhreithniú Bhéising, Achoimre Londan, Athbhreithniú Rio). A bhui leis na gníomhartha foilsithe a d’éascair as na hathbhreithnithe sin, bhíothas in ann meastóireacht thréimhsiúil a dhéanamh ar chur chun feidhme na chéad straitéise agus breithniú a dhéanamh ar a cuid moltaí i réimse an spóirt idirnáisiúnta ardfheidhmíochta, ar réimse é a bhíonn ag athrú go mear.

Bunaithe ar an bhfianaise sin, tugadh aghaidh go cuimsitheach ar na moltaí atá leagtha amach i réimsí straitéiseacha 1, 2 agus 4. Cé go ndearnadh dul chun cinn ar réimsí straitéiseacha 3, 5 agus 6, tá bearnaí ann sa chóras go fóill. Tá na príomhéachtaí agus na bearnaí atá ann cheana sainaitheanta thíos faoi gach réimse straitéiseach.

Réimse straitéiseach	Na príomhéachtaí agus na bearnaí atá ann cheana
1. Cur le beartas, acmhainní agus inniúlachtaí Spórt na hÉireann: Na hacmhainní a theastaíonn don ardfheidhmíocht a chruinniú agus cur le struchtúr na ndaoine agus na saoráidí a theastaíonn chun tacú leis an straitéis ardfheidhmíochta	Forbraíodh beartas Spórt Éireann maidir le gach ní a bhaineann leis an ardfheidhmíocht, lena n-áirítear cistiú do Chláir Ardfheidhmíochta, cardáil, agus faireachán agus meastóireacht Bunaíodh Coistí Pleanála Feidhmíochta idir Spórt Éireann agus Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann chun tacú le foirne Oilimpeacha agus Parailimpeacha na hÉireann a ullmhú agus a chomhordú go héifeachtach Soláthraíodh cistiú do Chónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus do Chumann Parailimpeach na hÉireann araon chun baill foirne ghairmiúla riaracháin (e.g. Príomhoifigeach Feidhmiúcháin) agus baill foirne ghairmiúla theicniúla (e.g. Stiúrthóir Feidhmíochta) a cheapadh A bhui leis an infheistíocht a rinneadh i ndaoine cáilithe seanchleachta a fhorbairt laistigh den Aonad Ardfheidhmíochta, den Aonad Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta agus d'Institiúid Spórt Éireann, cuireadh leis an gcumas atá ag an eagraíocht chun obair go dlúth le gach eagraíocht ábhartha laistigh den chóras ardfheidhmíochta A bhui le bunú Aonad Spórt Éireann um Fhorbairt agus Athrú Eagraíochta agus leis na cláir a sholáthair sé, rannchuidíodh go mór le forbairt agus foghlaim ball foirne éagsúil a oibríonn i róil ardbhainistíochta agus i róil oibríochtúla i réimse an spóirt ardfheidhmíochta A bhui le cruthú Champas Spórt Éireann agus leis na forbairtí leanúnacha a rinneadh air, cuimsíonn an campas saoráidí úrscothacha ardfheidhmíochta anois, lena n-áirítear iad seo a leanas: • Ionad Ardfheidhmíochta Institiúid Spórt Éireann • An tIonad Náisiúnta Uisce • An tIonad Náisiúnta Traenála Tumadóireachta • An Láthair Náisiúnta Spórt Capall • An tIonad Náisiúnta um Thraenáil Nuachóimhlinte Cúig Mhír • An Láthair Náisiúnta faoi Dhíon • An tIonad Náisiúnta Traenála Gleacaíochta • An Raon Náisiúnta Trastíre Tá tuilleadh forbairtí sceidealta cheana féin, lena n-áirítear iad seo a leanas: • Céim 2 den Láthair Náisiúnta faoi Dhíon • An tIonad Náisiúnta Traenála Haca • An Staid Náisiúnta Rothaíochta Leis an Acht um Spórt Éireann, 2015, bunaíodh ceanglas reachtúil le haghaidh soláthar a dhéanamh don spórt ardfheidhmíochta in Éirinn agus tugadh le chéile gníomhaireachtaí tábhachtacha a idirghníomhaíonn leis an gcóras ardfheidhmíochta (e.g. Comhairle Spóirt na hÉireann, Institiúid Spóirt na hÉireann agus Údarás Forbartha an Champais Náisiúnta Spórt) ina n-eagraíocht amháin Coinníodh cobhsaíocht ó thaobh cistiúcháin de ar bun ó bhliain go bliain thar roinnt timthriallta. Mar sin féin, de bharr buiséid ilbhliantúla a bheith in easnamh go dtí seo, ní rabhtas in ann cistiú ráthaithe ilbhliantúil ardfheidhmíochta a leithdháileadh ach amháin ar Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta

Réimse straitéiseach	Na príomhéachtaí agus na bearnaí atá ann cheana
2. Institiúid Spóirt na hÉireann, Líonra Náisiúnta Feidhmíochta na hInstitiúide agus seirbhísí cuí tacaíochta a chruthú Tacaíocht ghéardhírith den chéad scoth a thabhairt do na fir agus na mná spóirt is fearr in Éirinn ar mhaithe le boinn a bhuachan i gcomórtais Dhomhanda, Eorpacha, Oilimpeacha agus Pharailimpeacha	Forbraíodh agus tógadh Institiúid Spóirt Éireann, lenar áiríodh Ionad úrscothach Traenála Ardfheidhmíochta a thógáil Earcaíodh cleachtóirí eolaíochta spóirt agus míochaine spóirt ar ardchaighdeán chun tacú le scoth-lúthchleasaithe Éireannacha a bhíonn ag dul in iomaíocht ar leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach Forbraíodh samhail bhainistithe um sholáthar seirbhísí tacaíochta i gcomhpháirt leis na Stiúrthóirí Feidhmíochta ar fud na spórt ardfheidhmíochta Comhtháthaíodh baill foirne de chuid Institiúid Spóirt Éireann isteach i bhfoirne Oilimpeacha agus Parailimpeacha na hÉireann do Londain 2012 agus do Rio 2016 Forbraíodh Clár Trasdula Feidhmíochta agus Seirbhís Chomhairleach Scileanna Saoil do lúthchleasaithe Leathnaíodh an líonra náisiúnta tacaíochta feidhmíochta, agus cleachtóirí eolaíochta spóirt de chuid Institiúid Spóirt Éireann atá dearbhaithe ó thaobh cáilíochta de á gcuimsiú ann Oibríodh i gcomhpháirt le Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann chun clár tacaíochta feidhmíochta a sholáthar d'Fhoireann Éireann, rud ina gcuimhdaítear scileanna saoil lúthchleasaithe, eolaíocht spóirt agus míochaine spóirt roimh Chluichí 2020 agus le linn na gCluichí agus ina ndiaidh Cuireadh Scéim Cardála Idirnáisiúnta Spóirt Éireann ar aghaidh ina scéim dhá bhliain a thosóidh sa bhliain 2019. Tá cardáil á mbainistiú laistigh den Chomhlacht Rialaithe Náisiúnta anois in ocht spórt a bhfuil struchtúir chuí, beartais chuí agus nósanna imeachta cuí i bhfeidhm acu
3. Fíorbharr feabhais a fhorbairt sa chóitseáil: Cur le struchtúir chóitseála, caighdeán níos airde a bhrú chun cinn sa chóitseáil agus méadú a dhéanamh ar an líon cóitseálaithe gníomhacha atá cáilithe go cuí in Éirinn	Infheistíodh i gcóitseálaithe lánaimseartha íoctha a earcú agus a choinneáil laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun obair go díreach le lúthchleasaithe agus foirne ar leibhéal sinsearach náisiúnta. Mar sin féin, tá easpa cóitseálaithe lánaimseartha íoctha a oibríonn le lúthchleasaithe ar leibhéal sóisearach ann laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta go fóill Chuir Aonad Cóitseála Spóirt Éireann (Cóitseáil Éireann/an tIonad Náisiúnta Cóitseála agus Traenála roimhe sin) struchtúir oideachais chóitseálaithe ar bun agus chuir sé an soláthar cóitseála ar aghaidh laistigh de spóirt ar leibhéal rannpháirtíochta agus forbartha. Mar sin féin, níl ag a lán spóirt faoi láthair an cumas chun tacú le cóitseálaithe a oibríonn le lúthchleasaithe ar leibhéal sóisearach idirnáisiúnta agus ar leibhéal sinsearach idirnáisiúnta agus chun na cóitseálaithe sin a fhorbairt Sholáthair Institiúid Spóirt Éireann forbairt ghairmiúil chuimsitheach chun tacú le dul chun cinn gairme cóitseálaithe ardfheidhmíochta ar fud roinnt spóirt difriúil (an clár um an Tóir ar Bharr Feabhais). Tháinig athrú ar an gclár chun tacú anois le forbairt ghairmiúil Stiúrthóirí Feidhmíochta laistigh den chóras (an Clár Spreachta Feidhmíochta)

Réimse straitéiseach	Na príomhéachtaí agus na bearnaí atá ann cheana
4. Infheistiú i struchtúir éifeachtacha Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Cur leis an gcumas atá ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta dea-thorthaí a bhaint amach i réimse na hardfheidhmíochta agus i réimsí gaolmhara a idirghníomhaíonn le foirne ardfheidhmíochta	Méadaíodh gairmiúlacht na mball foirne i róil cheannaireachta (e.g. Príomhoifigeach Feidhmiúcháin), i róil bhainistíochta (e.g. Stiúrthóir Náisiúnta Feidhmíochta), i róil oibríochtúla (e.g. Comhordaitheoir Náisiúnta Feidhmíochta) agus i róil chóitseála (e.g. Príomhchóitseálaithe Náisiúnta) ar fud an chórais Glacadh samhail Stiúrthóirí Náisiúnta Feidhmíochta go forleathan chun cláir ardfheidhmíochta a chomhordú laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta Cuireadh feabhas ar struchtúir rialachais, lena áiríodh fochoistí ardfheidhmíochta a úsáid mar scothchleachtas laistigh de Chomhlachtaí Rialaithe Náisiúnta. Mar sin féin, tá easpa tuisceana ann ar an spórt ardfheidhmíochta ar leibhéal boird go fóill agus tá easpa saineolais neamhspleách feidhmíochta ann laistigh d'fhochoistí ardfheidhmíochta na gComhlachtaí Rialaithe Náisiúnta go fóill Méadaíodh an inniúlacht atá ag Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta chun straitéisí éifeachtacha agus plananna éifeachtacha feidhmíochta a fhorbairt agus a chur chun feidhme i leith a gclár ardfheidhmíochta
5. Conairí soiléire a bhunú go dtí an barr: Sainaitheint a dhéanamh ar struchtúir lena gcumasaítear do dhaoine óga tosú ar pháirt a ghlacadh sa spórt agus dul ar aghaidh go leibhéal níos airde feidhmíochta agus tacú leis na struchtúir sin	A bhfuil leis an bhfeabhas ar chonairí náisiúnta comórtais agus ar struchtúir intíre, bhíodas in ann lúthchleasaithe cumasacha a shainaithint ar leibhéal shóisearacha Cuireadh feabhas ar an tuisceint ar chonair an lúthchleasaí idir leibhéal forbartha, leibhéal náisiúnta agus leibhéal idirnáisiúnta. Tá fadhbanna ag baint i gcuid mhór spórt go fóill, áfach, le hionchur cuí cóitseála, le gnóthú scileanna, le blaiseadh de chomórtais agus leis an gcothromaíocht idir an spórt agus an t-oideachas do lúthchleasaithe óga. Tá saincheistean struchtúrtha agus acmhainne ann sa chóras go fóill, ar nithe iad a théann i bhfeidhm ar an gcomhtháthú idir Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, institiúidí tríú leibhéal, clubanna agus scoileanna, a n-imríonn gach ceann díobh ról tábhachtach i lúthchleasaithe óga a fhorbairt. Aithnítear go dtéann an soláthar clár do dhaoine óga i scoileanna, i gclubanna agus ar leibhéal pobail i bhfeidhm ar deireadh ar fhorbairt agus cumas lúthchleasaithe, de réir mar a théann siad níos faide tríd an gconair feidhmíochta

Réimse straitéiseach	Na príomhéachtaí agus na bearnaí atá ann cheana
6. Cumarsáid, cur chun cinn, taighde agus forbairt: An fhís don spórt ardfheidhmíochta in Éirinn, agus an tábhacht a bhaineann leis don phobal spóirt agus don phobal i gcoitinne, a chur in iúl go héifeachtach, agus an cumas chun coinneáil chun tosaigh trí thionscadail spriocdhírithé taighde	Chuir Spórt Éireann an fhís do chóras ardfheidhmíochta na hÉireann, agus an tábhacht a bhaineann leis, chun cinn de shíor trí líon méadaitheach imeachtaí agus cainéal ar líne. Díriodh i straitéisí cumarsáide ar na gnéithe seo a leanas den chóras go príomha: • An líon méadaithe bonn a bhuaigh lúthchleasaithe ar leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach • An timpeallacht traenála agus an tacaíocht feidhmíochta den chéad scoth atá ar fáil ag Institiúid Spórt Éireann • Forbairtí saoráide ag Campas Spórt Éireann • Inniúlacht agus gairmiúlacht mhéadaithe na gclár ardfheidhmíochta • An dóigh ar forbraíodh tallann cóitseála ardfheidhmíochta agus tallann stiúrthóra feidhmíochta sa chóras Cé gur cuireadh feabhas ar cháil an spóirt ardfheidhmíochta i measc na bpríomh-gheallsealbhóirí (e.g. an Roinn Iompair, Turasóireachta agus Spóirt, Comhlachtaí Rialaithe Náisiúnta, Cónaidhm Oilimpeach na hÉireann agus Cumann Parailimpeach na hÉireann), tá dúshlán ann go fóill maidir le féiniúlacht an spóirt ardfheidhmíochta a chothú i measc an phobail i gcoitinne mar thoradh ar an tóir atá ann ar na trí phríomhspórt faiche (e.g. CLG, sacar, rugbaí) agus ar an mórchumhdach a fhaigheann siad sna meáin D'oibrigh Institiúid Spórt Éireann agus an tAonad Ardfheidhmíochta i gcomhpháirt le hinstitiúidí éagsúla tríú leibhéal ar mhaithe le cistiú a rochtain do mhic léinn PhD chun gur féidir leo taighde feidhmeach a dhéanamh ar thopaicí éagsúla laistigh den spórt ardfheidhmíochta, lena n-áirítear iad seo a leanas: • Neart agus aclú • Cothú • Síceolaíocht • Fiseolaíocht • Scileanna saoil • Fisiteiripe • Bainistíocht feidhmíochta

Achoimre

Tríd is tríd, tá an córas reatha ag teacht le fís na chéad straitéise agus baineadh formhór na spriocanna straitéiseacha amach. I dtús shaolré na straitéise, ba threallach a bhí rath na hÉireann i gcomórtais ar leibhéal domhanda agus ba iad lúthchleasaithe cumasacha aonair nach dtagann chun cinn ach uair amháin sa ghlúin a bhí freagrach as an rath sin den chuid is mó. Ina lán cásanna, bhog na lúthchleasaithe sin thar lear chun timpeallachtaí traenála ar ardchaighdeán a rochtain. Sa chomhthéacs reatha, is féidir leis an gcóras timpeallachtaí traenála agus tacaíocht feidhmíochta den chéad scoth a thairiscint in Éirinn do lúthchleasaithe anois, rud a rannchuidigh le tuilleadh bonn a bhuachan i spóirt éagsúla i ngach thimthriall ó na cluichí in Sydney sa bhliain 2000 i leith (féach Fíor 2 agus Fíor 3 ar leathanach 9).

Cé go bhfuil roinnt dúshlán ann sa chóras go fóill, tugann na bearnaí sin deiseanna don straitéis nua ardfheidhmíochta cur leis an dul chun cinn a rinneadh thar na ceithre thimthriall roimhe agus tacú le rath sistéamach leanúnach do lúthchleasaithe Éireannacha ar leibhéal Eorpach, Domhanda, Oilimpeach agus Parailimpeach.





www.sportireland.ie
[@sportireland](https://twitter.com/sportireland)